# Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta






# Tuarascáil Bhliantúil 2024












Foras na Gaeilge

**An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta**
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

**An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais**
Department of Children, Disability and Equality

# Clár

Eolas tagartha agus riaracháin ..... 3
Ráiteas ón Ardfheidhmeannach ..... 4
Buaicphointí, Buarthaí agus Buanna 2024 ..... 4
Buaicphointí 2024 ..... 4
Buarthaí ..... 5
Buanna ..... 6
Spriocanna, luachanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí Gaeloideachas ..... 7
Fís ..... 7
Misean ..... 7
Tosaíochtaí straitéiseacha ..... 7
Príomhchuspóirí agus príomhghníomhaíochtaí Gaeloideachas ..... 8
Príomhchuspóir 1: Ionadaíocht ..... 8
Príomhchuspóir 2: Bunú soláthar nua ..... 17
Príomhchuspóir 3: Pobal a fhás ..... 21
Príomhchuspóir 4: Dea-chleachtas tumoideachais ..... 24
Príomhchuspóir 5: Riachtanais speisialta oideachais ..... 28
Príomhchuspóir 6: Seirbhísí eolais agus comhairle ..... 31
Príomhchuspóir 7: Eagraíocht láidir ..... 33
Príomhchuspóir 8: Inmharthanacht mhaoinithe ..... 34
Príomhchuspóir 9: Dea-chleachtais ..... 36
Luachanna Gaeloideachas ..... 38
Athbhreithniú Airgeadais ..... 39
Ioncam ..... 39
Maoiniú Gaeloideachas ..... 39
Caiteachas ..... 39
Costais reatha ..... 39
Acmhainní, scéimeanna agus gníomhaíochtaí ..... 39
Acmhainní foirne agus seirbhísí comhairliúcháin ..... 39
Bandaí tuarastail na foirne ..... 39
Pinsin ..... 39
Taighde agus deontais pholaitiúla ..... 40
Struchtúr, rialachas agus bainistíocht ..... 41
Struchtúr na heagraíochta i 2024 ..... 41
An Bord Stiúrtha ..... 42
Ról ..... 42
Comhdhéanamh an Bhoird ..... 42

Bord Gaeloideachas don bhliain 2024 ..... 42
Baill bhoird a sheas siar in 2024 ..... 44
Íocaíochtaí le baill an bhoird ..... 45
Freastal ar na cruinnithe Boird 2024 ..... 46
Feidhmeannas Gaeloideachas in 2024 ..... 47
Baill Gaeloideachas ..... 47
Ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ..... 47

## Eolas tagartha agus riaracháin

Is Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta í Gaeloideachas, cláraithe i mBaile Átha Cliath, Éire.

Seo Tuarascáil Bhliantúil na heagraíochta don bhliain 2024.

Uimhir cuideachta: 317146

Uimhir chláraithe charthanais: 20042394

CHY: 13520

Oifig chláraithe i Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire.

Stiúrthóirí: Tomás de Buitléir, Antóin Delap, Chris Hickson, Micheál S. Mac Donnacha, Róise Nic Corraidh, Máiréad Ní Chatháin Uí Chonchúir, Deborah Ní Cheallaigh, Orla Ní Fhinneadha, Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Dairiona Ní Mhuirí, Neasa Ní Mhurchadha, Aoife Ní Scolaí, Bernard Ó Cathmhaoil, Déaglán Ó Laoire, Cormac Ó Tuairisg, Mary Ann Uí Dhuibhghiolla, Patricia Uí Tharlaigh

Iniúchóir: Bluett Byrne, Cuntasóirí Cairte, 52 Plás San Séamas Thoir, Baile Átha Cliath 2.

Baincéirí: Banc AIB, 40/41 Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2.

# Ráiteas ón Ardfheidhmeannach

Bláthnaid ní Ghréacháin

## Buaicphointí, Buarthaí agus Buanna 2024



A Chairde dhil,

San earnáil oideachais, is fíor a rá go gcasann na rothaí go mall in amanna, go rómhall nó ar chor ar bith. Amanna eile, gluaiseann cúrsaí go rósciobtha agus ní thugtar an spás anála ná machnaimh atá riachtanach chun breithiúnas saineolach a thabhairt chun a bheith muiníneach as athruithe agus forbairtí. Tá meascán de na heispéiris seo á bhrath agaibh gach uile lá san earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Cuid shuntasach d'obair Gaeloideachas ná iarracht a dhéanamh dul i bhfeidhm ar na húdaráis stáit le moill nó deireadh a chur le cinntí agus forbairtí áirithe, agus le luas a chur le cinntí agus tacaíochtaí eile. Ní gan dua an obair seo, áfach, ach creideann Gaeloideachas go bhfuil spás fíorthábhachtach ann do ghuth na scoileanna agus na naíonraí agus tá neartú an ghutha seo lárnach d'fhorbairt na hearnála tumoideachais atá daonlathach, forásach agus faoi bhláth.

### Buaicphointí 2024

Cé nach ann don pholasaí go fóill, bhí sé mar thosaíocht ag Gaeloideachas le linn 2024 a bheith lárnach agus gníomhach sa chomhairliúchán ar fhorbairt Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge (POLG). B'iomaí achainí a rinne an eagraíocht go dáta maidir le hábhar an pholasaí, ach in ainneoin sin, ní raibh ábhar faoisimh ann sa dréachtchreat a foilsíodh san fómhar. Ó shin, tá achainíocha leanúnacha á ndéanamh againn ar an Aire Oideachais (iar agus reatha), an tArd-Rúnaí, Oifigigh Shinsearacha na Roinne Oideachais agus Óige agus ar an gcóras polaitiúil go bhfoilseofaí dréacht den POLG agus go mbeidh deis comhairliúcháin ann, mar a rinneadh leis an bpolasaí don Oideachas lán-Ghaeilge. Tuigtear dúinn go mbeidh an POLG i bhfeidhm sna scoileanna mí Mheán Fómhair 2025 – ach tá míshástacht Gaeloideachas léirithe go tréan maidir leis an easpa deise atá tugtha don earnáil ábhar an pholasaí a thuiscint agus a phlé mar is ceart. Trí chur chuige comhoibritheach le páirtithe leasmhara eile, leanfaidh Gaeloideachas uirthi ag déanamh abhcóideachta láidre ar son POLG a fhreastalaíonn ar riachtanais forbartha na hearnála. I gcomhthráth leis na forbairtí seo, tá Polasaí Náisiúnta don Ghaeilge sna luathbhlianta á fhorbairt ag an Roinn Leanaí, agus tá obair abhcóideachta ar bun sa chúlra ag Gaeloideachas ar son earnáil na luathbhlianta trí Ghaeilge a bheith cosanta, caomhnaithe agus neartaithe ó bhonn chun go mbeidh eispéireas láidir tumoideachais ag páistí ó thús go deireadh a n-aistir oideachais.

Buaicphointe mór don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ná an t-aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bronnadh ar na scoileanna, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Is bua ar leith é seo do na scoileanna a léirigh dúthracht agus tiomantas don teanga agus don tumoideachas – go raibh fada buan sibh agus bhur gcuid pobal uile.

Mar eagraíocht, ba bhuaicphointe ar leith é go bhfuil ár gcuid foinsí maoinithe leathnaithe go suntasach – áit ar imigh an eagraíocht ó bheith spleách ar mhaoiniú teoranta ó Fhoras na Gaeilge amháin go deiseanna nua mhaoinithe faighte againn ón Roinn Gaeltachta, ón Roinn Oideachais agus Óige agus ón Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. Táimid an-bhuíoch as na deiseanna seo, a chreideann muid atá agus a bheidh chun leasa na naíonraí agus na scoileanna.

I ngort na polaitíochta, ba bhliain ghnóthach, ghníomhach a bhí ann. Ritheamar feachtas fiúntach feasachta ar éilimh na hearnála le linn na tréimhse olltoghchánaíochta agus fhorbairt chlár an Rialtais nua. D'eagraíomar lá stocaireachta in Buswells le polaiteoirí ó pháirtithe éagsúla agus neamhspleácha le cur lena gcuid tuisceana ar a bhfuil ag teastáil ón earnáil chomh maith le leabhrán a fhoilsiú faoi éilimh na hearnála. Bíodh is nach raibh spriocanna sonracha soiléire sa chlár Rialtais i leith an oideachais lán-Ghaeilge, d'éirigh le Gaeloideachas cur le tuiscint traspháirtí ar shaincheisteanna agus aincheisteanna na hearnála agus tá bunachar tacaíochta á chothú againn go leanúnach. D'éirigh le scéim na scoileanna beaga, a bhfuil dlúthbhaint ag Gaeloideachas léi, áit a dheimhniú ar chlár an Rialtais, rud a fháiltítear go mór roimhe.

Arís, in 2024, d'éirigh linn Comhdhálacha rathúla saindírithe ar phobal an tumoideachais – *Comhdháil na Luathbhlianta,* agus *Bláthú* (comhdháil ar riachtanais bhreise oideachais) agus *An Tionól Forbartha* i gcomhpháirt le COGG, a reáchtáil. Buaicphointí is ea na hócáidí seo dúinn, a thugann ardú meanma dúinn agus muid i dtimpeallacht dhlúthpháirte le comhluadar pobal saineolach, oscailte, cruthaitheach an tumoideachais.

## Buarthaí

Níl gach bua gan dua, áfach. Tá sé aitheanta mar riosca againn nach bhfoilseofaí dréacht den POLG, nó nach gcuimseoidh an leagan deiridh na tacaíochtaí atá de dhíth ar an earnáil seo. Tuigtear dúinn go bhfuil i gceist ceist an tsoláthair (bunú scoileanna, aonaid agus múnlaí eile) a bhaint ón POLG reatha agus a chur faoi chúram tascfhórsa nua a bheidh le bunú. Beidh, is cosúil, comhairliúcháin mar chuid den obair sin, ach níl tuiscint chruinn againn ar na próisis seo go fóill. Níl i gceist áfach dréacht a eisiúint den chuid eile den POLG – na gnéithe a bhaineann le caighdeán agus cáilíocht an tsoláthair, agus ina measc soláthar múinteoirí, RSO srl. Tá ár gcuid míshástachta curtha in iúl go tréan faoin gcinneadh seo. Áirímid é seo mar riosca do ghnáthphróiseas daonlathach comhairliúcháin, agus gan amhras, mar riosca d'ábhar, scóip agus fiúntas an POLG.

Bíodh is go bhfuil forbairt cheist na n-aonad luaite anois leis an tascfhórsa, téann ceist na n-aonad go croílár an riosca agus na buartha a bhaineann leis an POLG. Níor tugadh aird ná aitheantas don taighde a rinne an Dr TJ Ó Ceallaigh, Máire Ní Chonghaile agus an Dr Muiris Ó Laoire ar staid reatha na n-aonad agus moltaí don todhchaí ó thaobh sholáthar an Oideachais iar-bhunleibhéil. I measc na gceisteanna a d'ardaigh mé leis an gcigireacht le déanaí bhí an modh meastóireachta ar na haonaid. Is ábhar buartha é nach bhfuil meastóireacht idirdhealaitheach ar bun ar na haonaid ó thaobh chaighdeán agus cháilíocht an teagaisc. Gan an t-idirdhealú seo, níl aon mheicníocht ann le tuiscint chruinn a fháil ar chaighdeán an tsoláthair. Tá an dúshlán seo i measc raon dúshlán shuntasacha a bhaineann leis na haonaid ar ghá don POLG réiteach a aimsiú dóibh chun go mbeidh cothrom na Féinne á thabhairt do na haonaid reatha.

Riosca ollmhór don teanga sa chóras oideachais is ea córas na ndíolúintí, atá imithe as smacht. Ní áibhéil é a rá go bhféadfadh an córas nua agus na pátrúin atá ag eascairt as a bheith mar bhuile marfach don Ghaeilge. Tá sé seo cheana féin ag imirt tionchair ar an gcóras tumoideachais, le heolas faighte againn faoi pháistí atá ag fágáil an chórais le haistriú go bunscoil Bhéarla chun an díolúine a bheith acu ar fhaitíos é a bheith de dhíth san iar-bhunscoil. Níl ciall ná réasún leis an modh smaointeoireachta seo, ach tá an locht ar an gcóras agus ar an easpa ceannaireachta atá á glacadh ag an Roinn Oideachais agus Óige chun an taoide seo a chasadh. Níos measa ná sin, tá neamhaird glan á déanamh den chomhairle shaineolach atá á cur ar fáil don lucht déanta beartais ag leithéid an Dr Pádraig Ó Duibhir, an Dr Emily Barnes, an Dr Sinéad Nic Aindriú, agus go leor eile nach iad.

Ag leanúint le téama na mbuarthaí, cá seasann ceist sonraíochtaí na Gaeilge ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí? Tá doiléire agus imní faoin gcur chuige T1 agus T2 sa tsraith shóisearach, agus braitear go forleathan go bhfuil éagóir á himirt ar scoláirí an chórais T1. Tá impleachtaí ann don chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta má leantar leis an gcur chuige seo, impleachtaí a leathnófar go leibhéal na hArdteistiméireachta. Tá Gaeloideachas, i bpáirt le heagraíochtaí eile, i mbun plé agus achainíocha leanúnacha leis an CNCM agus an Roinn Oideachais agus Óige faoi na hábhair imní seo. Tá sé ríshoiléir go bhfuil na dúshláin shistéamacha seo, agus na dúshláin uile thuasluaite ag eascairt as easpa físe – fís don Ghaeilge sa chóras oideachais agus fís don oideachas lán-Ghaeilge. Is ar an bpointe seo ar ghá dúinn uile ár gcuid fuinnimh a dhíriú.


I gcomhthéacs an mhaoinithe d'obair Gaeloideachas, cé go bhfuil an eagraíocht fíorbhuíoch den mhaoiniú ó mhaoinitheoirí eile Stáit, tá an struchtúr maoinithe mar a bhaineann le Foras na Gaeilge agus na coinníollacha thuaidh/theas i sáinn. An éifeacht aige seo ar Gaeloideachas ná go bhfuil laghdú leanúnach leis na blianta ar acmhainneacht Gaeloideachas le seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta de bharr sáinn mhaoinithe Fhoras na Gaeilge. Táimid, i ndlúthchuid le heagraíochtaí agus grúpaí pobail eile, ag seasamh le chéile ar son an ruda atá ceart don teanga agus atá ceart do gach uile dhuine a dteastaíonn sé uathu go bhfanfaidh an Ghaeilge ina saoil.

### Buanna

San obair abhcóideachta seo, nach mbíonn toradh éasca, sciobtha ná sásúil ann in gcónaí, ní mór a mheabhrú dúinn féin go bhfuil buanna láidre againn mar earnáil, mar phobal agus mar ghluaiseacht, agus gurb iad na buanna céanna a thugann an fuinneamh, an misneach agus an spreagadh. Tríd an ionadaíocht leathan atá ag Gaeloideachas ar iliomad fóram agus coistí, baineann muid gach leas as an deis guth agus láidreacht na hearnála a chur in iúl go leanúnach. Tá meas mór ann d'obair gach duine agaibh atá ag treabhadh an ghoirt ar son na bpáistí agus ar son na teanga. Níl aon amhras ach go bhfeictear, cloistear agus braitear díograis, gairmiúlacht agus diongbháilteacht gach duine agaibh sna naíonraí agus sna scoileanna – go raibh fada buan sibh.

Ag caint ar dhúthracht, is mian liom mo bhuíochas mór ó chroí a ghlacadh le Bord Stiúrtha Gaeloideachas as an gcur chuige tacúil, spreagúil agus as a chumas ildánach. Tá an buíochas céanna ag dul don bhfoireann, a leanann uirthi ag fás, ag forbairt agus ag feidhmiú go hilchumasach agus go comhoibritheach, go leanúnach.

Mo mhíle buíochas libh uile.






*Ceiliúradh ar stair na heagraíochta ag Tionól Forbartha 2024*

## Spriocanna, luachanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí Gaeloideachas



*Painéal ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2024*

Is eagraíocht dheonach náisiúnta í Gaeloideachas a thacaíonn le forbairt an oideachais lán-Ghaeilge.

Bunaíodh í mar Gaelscoileanna in 1973 le tacú le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ó shin, leathnaíodh ról na heagraíochta agus cuireann sí seirbhísí tacaíochta ar fáil anois do scoileanna Gaeltachta agus naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith.

Tugann Gaeloideachas comhairle, cúnamh agus tacaíocht do dhaoine ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta dóibh siúd atá ag obair san earnáil.

### Fís
Córas eiseamláireach tumoideachais, ón naíonra go bunscoil go hiar-bhunscoil, a bheith ar fáil do gach duine.

### Misean
Abhcóideacht agus tacaíocht chun go mbeidh tumoideachas ar ardchaighdeán ar fáil do gach duine.

### Tosaíochtaí straitéiseacha
- Ionadaíocht & Abhcóideacht
- Forbairt Soláthar Nua & Ardú Feasachta
- Forbairt Ghairmiúil & Caighdeán
- Seirbhísí Tacaíochta don Earnáil
- Forbairt Eagraíochtúil

# Príomhchuspóir 1: Ionadaíocht

**Ionadaíocht ar ardchaighdeán thar ceann na hearnála, ag freagairt go gníomhach agus go réamhghníomhach do chomhairliúcháin, d'fhorbairt polasaithe agus do phoiblíocht ar na meáin mar a bhaineann le réimse an tumoideachais**




*An tAire Thomas Byrne le Bláthnaid ní Ghréacháin*

## Abhcóideacht éifeachtach, mar ghuth neamhspleách, le linn phróisis forbartha agus feidhmithe an Pholasaí Oideachais Lán-Ghaeilge le go mbeidh polasaí láidir, críochnúil agus cuimsitheach ann

**Comhthéacs**

Gheall an Rialtas polasaí cuimsitheach do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa chlár rialtais a foilsíodh in 2020. Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin ina leith in 2022. Imreoidh an polasaí tionchar díreach agus fairsing ar chaighdeán agus ar eispéireas an oideachais atá á bhfáil ag páistí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge. Tá an Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge le foilsiú go fóill, áfach.



**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Le linn 2024, bhí Gaeloideachas i dteagmháil go leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Óige maidir le dul chun cinn agus stádas an pholasaí. Foilsíodh torthaí taighde na nAonad, a choimisiúnaigh COGG mar chuid den bhunús taighde a chuirfear faoin bpolasaí, ach a thug grinnléargas ar na dúshláin a bhaineann leis an múnla. Rinne Gaeloideachas plé leis na meáin chumarsáide ina leith.


Rinne Gaeloideachas stocaireacht pholaitiúil maidir leis an bpolasaí, ag plé le baill Choiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge agus ionadaithe poiblí eile chun a gcuid tacaíochta agus cúnamh a fháil le dul i gcion ar an Aire Oideachais le mianta na hearnála i leith an pholasaí a chur chun cinn.

Ritheadh na rúin thíos ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Gaeloideachas, agus tá feidhm á tabhairt dóibh ó shin trí obair stocaireachta na heagraíochta:

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais freastal mar is ceart ar mhianta an phobail, mar atá léirithe sa phróiseas comhairliúcháin a dteastaíonn córas láidir tumoideachais uathu, trí sholáthar leordhóthanach ón naíonra go bunscoil go hiar-bhunscoil, gan turas mór fada, gan dua, gan géilleadh ar a gcuid cearta ná mianta.

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais a aithint nach bhfuil múnla an aonaid lán-Ghaeilge inchurtha le scoil neamhspleách thumoideachais ó thaobh chur chuige ná eispéireas an tumoideachais agus dá réir, 1) go n-aontófar polasaí láithreach a éascaíonn an próiseas do na haonaid reatha feidhmiú go neamhspleách, agus 2) nach mbunófar aonad mar fhreagairt d'éileamh ar Oideachas lán-Ghaeilge.

San fhómhar, eisíodh creatpholasaí agus bhí Gaeloideachas rannpháirteach sa lá comhairliúcháin a bhí ann dá bharr. Léirigh na páirtithe leasmhara míshástacht láidir maidir leis an gcreat, a mheas Gaeloideachas a bheith an-easnamhach. Ó shin, tá éilimh Gaeloideachas curtha in iúl go poiblí agus trí na naíonraí agus scoileanna. Ó shin, d'éiligh Gaeloideachas agus páirtithe leasmhara eile go ndéanfaí dréachtpholasaí a eisiúint ach diúltaíodh é sin a dhéanamh. Tá comhlitir seolta ag Gaeloideachas agus An Foras Pátrúnachta chuig an Aire Oideachais nua maidir leis seo, agus tá comhlitir seolta chuig an Roinn Oideachais agus Óige ina léirítear seasamh an dá eagraíocht ina leith. Níl eolas ar fáil ón Roinn Oideachais agus Óige maidir le stádas reatha an pholasaí.



**Caiteachas, má bhain**


Ní raibh buiséad ar fáil do Gaeloideachas in 2024 le tabhairt faoin obair seo, lasmuigh d'acmhainní foirne.



**Dúshláin agus deiseanna**

Tá muinín na bpáirtithe leasmhara laghdaithe sa phróiseas i ndiaidh eisiúint an chreatpholasaí, agus treisíonn an easpa dul chun cinn ó shin an imní maidir le tiomantas an Stáit ina leith. Tá deis ag an Stát a bheith ceannródaíoch i bhforbairt an oideachais lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, ach an deis sin a thapú. An uair a bheidh an Polasaí foilsithe, beidh Gaeloideachas chun tosaigh san anailís ar pholasaí agus pleananna na Roinne, le hionchur láidir ó na scoileanna.

## Abhcóideacht ar son infheistíochta agus forbartha leanúnaí ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta



**Comhthéacs**

In 2024, lean Gaeloideachas le páirt ghníomhach a ghlacadh sa Choiste Comhairleach um Polasaí don Oideachas Gaeltachta, agus le tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna rannpháirteach sa scéim aitheantais.



**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

I mí an Mhárta 2024, tháinig deireadh leis na cuairteanna cigireachta ar scoileanna maidir le haitheantas scoil Ghaeltachta a mheas. Tá gach bunscoil Ghaeltachta sa scéim agus ag fáil aitheantais. Tá 19 as 29 iar-bhunscoil Ghaeltachta atá sa scéim ag fáil aitheantais.

Mar bhall den Choiste Comhairleach um Polasaí don Oideachas Gaeltachta, bhí Gaeloideachas rannpháirteach sa phlé ar an tslí is fearr na hiar-bhunscoileanna nár bhain aitheantas amach a mhealladh chun tabhairt faoi arís.

Thréaslaigh Gaeloideachas le gach scoil a bhain aitheantas amach faoin scéim agus d'fhreastail ionadaithe ón eagraíocht ar na searmanais bhronnta. Ba ábhar bróid í an chéim seo do Gaeloideachas i ndiaidh an obair mhór a rinne an eagraíocht i dtréimhse forbartha an pholasaí ag mealladh na bpobal chuige.


Phléigh Gaeloideachas leis an Roinn Oideachais agus Óige maidir le tacaíocht teanga do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge chun teacht i dtír ar dhúshláin teangeolaíochta agus tumoideachais de bharr an easnaimh sna tacaíochtaí do pháistí ón Úcráin. Glacadh lenár n-iarratas ar thaighde agus breathnófar ar na bandaí a leathnú d'uaireanta bhreise.



**Dúshláin agus deiseanna**

Níl soiléireacht ann go fóill ó thaobh tacaíochtaí spriocdhírithe d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta atá ag iarraidh aonaid a fhorbairt faoin scéim aitheantais. Léiríonn an taighde maidir le múnla an aonaid a choimisiúnaigh COGG mar chuid den chúlra don Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge go bhfuil dúshláin ag baint leis agus níl réitigh pléite go fóill maidir le ceachtar den dá pholasaí. Arís, tá deis ag an Stát a bheith ceannródaíoch i bhforbairt an oideachais lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal sa Ghaeltacht, ach é a thapú agus na scoileanna a chumasú mar is ceart, chuige.

## Abhcóideacht éifeachtach, mar ghuth neamhspleách, le linn phróisis forbartha agus feidhmithe an phlean náisiúnta don soláthar Ghaeilge in earnáil na luathbhlianta le go mbeidh plean láidir, críochnúil agus cuimsitheach ann



**Comhthéacs**

Aithnítear naíonraí mar bhunchloch an chórais tumoideachais. Tá líon na naíonraí ag titim ag ráta suntasach lasmuigh den Ghaeltacht, áfach. Níl naíonra ann do gach bunscoil, agus tá na naíonraí go mór faoi bhagairt toisc easpa infheistíochta.

Tá Gaeloideachas ag éileamh go ndéanfar infheistíocht straitéiseach sna luathbhlianta lán-Ghaeilge le scéim a chabhróidh le naíonraí múinteoirí a earcú, a chumasú agus a choinneáil agus oideachas luathbhlianta den scoth a chur ar fáil do pháistí óga.

D’fhógair an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais in 2023 go bhfuil sé i gceist plean náisiúnta do sholáthar na Gaeilge sa luathfhoghlaim agus sa chúram leanaí in aois scoile a fhorbairt. Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin ina leith in 2024. Tá Gaeloideachas dóchasach go n-imreoidh an plean tionchar díreach agus fairsing ar chaighdeán agus inbhuanaitheacht na naíonraí. Tá an plean le foilsiú in 2025.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Bhí Gaeloideachas chun tosaigh i ngach fóram plé agus comhairliúcháin in earnáil na luathbhlianta le linn 2024 chun a chinntiú go gcuirfear riachtanais na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht san áireamh, agus go n-aithneofar a dtábhacht mar bhunchloch an chórais tumoideachais.

Bhí ionadaíocht ag an eagraíocht ar an ngrúpa comhairleach atá ag plé le forbairt an phlean agus a d’oibrigh in 2024 le comhthuiscintí a fhorbairt orthu seo a leanas: fís, prionsabail agus cuspóirí; tréimhse an phlean agus na céimeanna feidhmiúcháin; agus struchtúr, snáitheanna agus téamaí.

Spreag Gaeloideachas rannpháirtíocht ó phobal na naíonraí sa chomhairliúchán maidir leis an bplean agus bhí ráta freagartha ard ann. Rinne an eagraíocht aighneacht maidir leis an bplean agus bhí cruinniú déthaobhach aici le hoifigigh na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais ina leith. Tá dréacht den tuarascáil ar an gcomhairliúchán feicthe ag Gaeloideachas agus tuagnn sé léargas maith ar na tacaíochtaí atá de dhíth le go mbeidh níos mó páistí in ann buntáiste a fháil as an tumoideachas ag leibhéal na luathbhlianta.

Ritheadh na rúin thíos ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Gaeloideachas, agus tá feidhm á tabhairt dóibh ó shin trí obair stocaireachta na heagraíochta:

Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfeadh an Stát infreastruchtúr agus scéimeanna tacaíochta cuí i bhfeidhm do shuíomhanna luath-óige a fheidhmíonn trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht atá ar comhchéim leis na tacaíochtaí cuimsitheacha atá ann dóibh siúd sa Ghaeltacht.

Éilíonn an Chomhdháil seo go n-aithneofar an dúshlán ar leith atá roimh naíonraí foireann le Gaeilge líofa agus cáilíochtaí cuí luathbhlianta a earcú agus go gcuirfear socrú eatramhach i bhfeidhm le gur féidir le naíonraí foireann faoi oiliúint a cheapadh má shásaíonn siad critéir na Gaeilge.

Mar thoradh ar stocaireacht leanúnach ar son tacaíochtaí níos fearr do na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta maoiniú do Ghaeloideachas le leathnú a dhéanamh ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Ceapadh Katie Ní Riain mar Bhainisteoir Luathbhlianta leis an eagraíocht i mí Lúnasa 2024 agus tá dóchas ann go gceapfar breis foirne le bheith ag plé leis na naíonraí sna blianta amach romhainn agus ról lárnach ag Gaeloideachas i gcur i bhfeidhm an phlean náisiúnta.

**Caiteachas, má bhain**

Buíochas leis an maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, bhí Gaeloideachas in ann breis acmhainní daonna chur i dtreo na hoibre seo.

**Dúshláin agus deiseanna**

Tá dúshlán ann go fóill nach bhfuil eolas cruinn ar fáil don phobal ón Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais maidir le líon agus lonnaíocht na naíonraí. Tá deis uathúil leis an bplean náisiúnta chun scéim aitheantais do naíonraí a bhunú, le táscairí dea-chleachtais agus tacaíochtaí le go mbainfear amach iad, chun go neartófar an soláthar luathoideachas lán-Ghaeilge ag gach céim forbartha.

## Stocaireacht pholaitiúil thar ceann na hearnála tumoideachais




*Alan Farrell, Peigí Ní Chonghaile agus Seán Kyne ag lá stocaireachta Gaeloideachas*

**Comhthéacs**

Bhí deis ar leith ann le dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí agus lucht déanta beartais in 2024, le toghcháin áitiúla agus olltoghchán sa bhliain chéanna.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

D’fhoilsigh Gaeloideachas cáipéis stocaireachta ina bhfuil eolas cuimsitheach maidir leis an bpríomhréimse polasaí a bhfuil gníomhú de dhíth orthu le tacú leis an earnáil tumoideachais, is é sin, soláthar naíonraí agus scoileanna, soláthar múinteoirí, riachtanais tacaíochta earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge, agus réimse an oideachais speisialta. Bronnadh cóip den cháipéis ar gach ionadaí poiblí a d’fhreastail ar an lá stocaireachta a d’eagraigh Gaeloideachas in óstán Buswell’s i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh 2024, ag a raibh cruinnithe ag baill foirne de chuid na heagraíochta le Teachtaí Dála agus Seanadóirí le béim a chur ar an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta roimh Bhuiséad 2025 agus roimh an

olltoghchán. Seoladh cóip den cháipéis stocaireachta chuig gach Teachta Dála agus Seanadóir nach raibh i láthair le haghaidh na gcruinnithe.

Ritheadh na rúin thíos ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Gaeloideachas, agus tá feidhm á tabhairt dóibh ó shin trí obair stocaireachta na heagraíochta:

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais go gcuirfear san áireamh san anailís ar mhúnlaí malartacha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta plépháipéar an Ollaimh Áine Hyland agus Fhíona Uí Uiginn, a bhfuil bunús fianaisebhunaithe leis agus go gcuirfear san áireamh é sa chéad sraith chomhairliúcháin a reáchtálfar.

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais na dúshláin a aithint atá ag eascairt as an gcur chuige reatha T1 agus T2 ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus an córas reatha a chur ar leataobh go mbeidh athbhreithniú cuimsitheach déanta chun críche múnla atá cothrom go gach scoláire

Rinne Gaeloideachas teagmháil leis na príomhpháirtithe polaitiúla uile le cruinnithe a lorg leo roimh an bhfeachtas olltoghcháin agus le heolas a roinnt leo maidir le riachtanais an phobail oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. D'fhoilsigh an eagraíocht bileog stocaireachta inar leagadh amach príomhthosaíochtaí na hearnála. Scaipeadh cóipeanna crua den bhileog ar gach naíonra, scoil agus coiste pobail a bhfuil an eagraíocht ag plé leo, le hiarratas go scaipfear é i measc na dtuismitheoirí ionas go mbeidh siad in ann na ceisteanna a ardú le polaiteoirí agus iad i mbun canbhasála. Scaipeadh na bileoga céanna ar gach polaiteoir ar éirigh leo a bheith tofa sa chéad Dáil eile, le hiarratas ar chruinniú. Bhí rannpháirtíocht mhaith ann agus tá taifead ar na cruinnithe agus na ceisteanna Dála a d'eascair as an obair seo le fáil i dtuairiscí Gaeloideachas ar bhrústocaireacht ar lobbying.ie.

Lean an stocaireacht ar na ceisteanna seo uile ina dhiaidh sin, agus Gaeloideachas ag iarraidh tionchar a imirt ar pháirtithe an Rialtais le go mbeadh riachtanais na hearnála tumoideachais san áireamh sa chlár rialtais. Choinnigh Gaeloideachas i dteagmháil go leanúnach le polaiteoirí i gcaitheamh na bliana ag iarraidh orthu tacaíocht a léiriú d'ábhar faoi leith nó ceisteanna parlaiminte a chur ar ár son, rud a rinne siad.

**Caiteachas, má bhain**

Caitheadh €5,430 ar ghníomhaíochtaí stocaireachta réamhthoghchánaíochta in 2024.

**Dúshláin agus deiseanna**

Tá rioscaí móra ann do stádas na Gaeilge go fóill sa chóras oideachais, ag gach leibhéal. Tá naíonraí ag streachailt, níl scoileanna á mbunú, tá córas na ndíolúintí as smacht agus tá sonraíochtaí na Gaeilge ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí ag cruthú imní agus éagóra. Tá na dúshláin córasacha seo, agus eile nach iad, ag eascairt as easpa físe ag leibhéal an Stáit, agus in ainneoin na stocaireachta ar fad sa réimse seo le linn 2024, níl dóthain sa chlár rialtais le misneach a thabhairt do phobal na naíonraí agus na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Leanfaimid orainn ag éileamh go dtacófar mar is ceart le cearta teanga agus cearta oideachais le go mbeidh tuiscint níos fearr ag lucht déanta beartais go bhfuil buntáiste ann do chách sa tumoideachas.

## Abhcóideacht láidir ar son soláthar leordhóthanach múinteoirí ag na 3 leibhéal le hoiliúint agus inniúlacht chuí sa teanga agus ar an tumoideachas

**Comhthéacs**

Tá sé aitheanta go forleathan go bhfuil ganntanas múinteoirí sna naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Rith Gaeloideachas feachtas chun aird a tharraingt ar an ngá atá ann leis an liúntas don teagasc trí Ghaeilge a thabhairt ar ais agus a chinntiú go bhfaigheann múinteoirí gach tacaíocht le hoideachas ionchuimsitheach trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do gach páiste. Bronnadh an liúntas sna scoileanna an chéad lá riamh mar chomhartha aitheantais ar an ualach breise a bhaineann le teagasc i suíomh lán-Ghaeilge thar scoil a fheidhmíonn trí Bhéarla.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Tá ionadaíocht ag Gaeloideachas ar ghrúpa oibre de chuid na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais chun dul i ngleic leis an bhfadhb earcaíochta sna luathbhlianta. Tá moltaí curtha i scríbhinn ag an ngrúpa chuig an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais maidir leis na bealaí is éifeachtaí chun tabhairt faoin taighde atá beartaithe acu ar an gceist seo. Tá sé tugtha le fios ag Gaeloideachas gurb é an t-aiseolas ó na naíonraí a bhfuil an eagraíocht ag plé leo ná gur cúrsaí pá agus easpa tacaíochta don tumoideachas is mó is cúis leis na deacrachtaí atá ag naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht le foireann a earcú agus a choinneáil. Tá bearnaí ollmhóra ann go fóill maidir le hoiliúint tosaigh ar an tumoideachas do mhúinteoirí naíonra agus tá cur síos ar ghníomhaíochtaí Gaeloideachas sa réimse seo faoi Phríomhchuspóir 4 sa tuarascáil seo.

Ritheadh na rúin thíos ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Gaeloideachas, agus tá feidhm á tabhairt dóibh ó shin trí obair stocaireachta na heagraíochta:

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais, mar fhreagairt don ghéarchéim earcaíochta agus ar mhaithe le múinteoirí a mhealladh chun na hearnála agus an earnáil tumoideachais a threisiú, an liúntas don teagasc trí Ghaeilge a thabhairt ar ais mar aitheantas ar an ualach suntasach breise atá ar mhúinteoirí na hearnála mar a bhaineann le, ina measc, ábhair chomhaimseartha agus uirlisí measúnaithe a chruthú, réimse scileanna agus eolais teangeolaíochta a fhorbairt, an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an tsóisialaithe, cothromaíocht a aimsiú idir sainábhair a mhúineadh agus béim a leagan ar an sealbhú teanga, agus cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí go dátheangach.

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais go dtabharfaí aghaidh, ar bhonn práinne, ar an ngéarchéim earcaíochta atá ann don earnáil lán-Ghaeilge, go háirithe trí liúntais a thabhairt ar ais; scéimeanna tacaíochta teanga; breis spásanna ar na cúrsaí oiliúna trí Ghaeilge a chur ar fáil; agus breis scoláireachtaí.

Thug Gaeloideachas faoi fheachtas leanúnach le linn 2024 ag éileamh go ndéanfaí an liúntas don teagasc trí Ghaeilge a thabhairt ar ais. Scaip an eagraíocht achainí ar líne a fuair breis agus 1400 sínitheoir, agus cuireadh faoin bhráid an Aire Oideachais é. Ritheadh feachtas ar na meáin shóisialta, scaipeadh preasráitis agus rinneadh agallaimh leis na meáin, agus ritheadh rúin leis na ceardchumainn. Rinneadh teagmháil le gach Teachta Dála agus Seanadóir ina leith, agus d'eascair ceisteanna parlaiminte agus ceiseanna díreacha ar an Aire Oideachais as. An gnáthfhreagra a tugadh orthu ná gur ghá plé leis an ábhar seo mar chuid d'idirbheartaíocht chómhargála. Tá sé deimhnithe ag an INTO go bhfuil na liúntais uile á lorg ar ais.

Rinne Gaeloideachas achainí maidir leis an easpa oiliúna cuí do chúntóirí riachtanais speisialta atá ag obair sa chóras lán-Ghaeilge leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcruinnithe. Leagadh béim ar an ngéarghá atá ann a bhaineann le sainchúrsa oiliúna trí mheán na Gaeilge.

Tá ionadaíocht ag Gaeloideachas ar fhóram na Roinne Oideachais agus Óige maidir le géarchéim an tsoláthair mhúinteoirí agus dúshláin na hearnála á gcur in iúl go leanúnach. Reáchtáladh cruinniú fiúntach idir an Roinn Oideachais agus Óige, Gaeloideachas agus An Foras Pátrúnachta leis an ngéarchéim i dtaobh soláthar múinteoirí a

phlé. Léirigh an Roinn go raibh réitigh á lorg acu ar an ngéarchéim soláthair sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Bhi ionadaithe ó Gaeloideachas os comhair Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge maidir le critéir na Gaeilge ag leibhéal na bainistíochta sna Boird Oideachais agus Oiliúna inar eascair go leor plé sna meáin.

Tá Gaeloideachas i mbun comhchainteanna leis an Roinn Ghaeltachta maidir le scéim cáilíochta Theastas Eorpach na Gaeilge do mhúinteoirí ag na trí leibhéal, leis an sprioc inniúlachtaí agus caighdeán na Gaeilge a ardú agus múinteoirí a spreagadh le leanúint le foghlaim agus forbairt na Gaeilge.

**Caiteachas, má bhain**

Ní raibh buiséad ar fáil do Gaeloideachas in 2024 le tabhairt faoin obair seo, lasmuigh d'acmhainní foirne.

**Dúshláin agus deiseanna**

Lean an obair seo ó 2023 go 2024, agus cé nach bhfuil dul chun cinn ann maidir le cur i bhfeidhm na n-éileamh atá ag Gaeloideachas thar ceann na hearnála, ta feasacht níos fearr ann i measc lucht déanta beartais ar na dúshláin atá le réiteach. Tá cur chuige comhordaithe trasearnála de dhíth leis na réitigh sin a chur i bhfeidhm agus leanfar leis an stocaireacht ar seo in 2025 mar ábhar práinne.

## Comhpháirtíocht láidir le páirtithe leasmhara chun críche guth láidir comhaontaithe, agus rannpháirtíocht i dtionscadail le comhpháirtithe oideachais agus Gaeilge chun leasa phobail na naíonraí agus na scoileanna

**Comhthéacs**

Tapaíonn Gaeloideachas gach deis le mianta agus meon a phobail a chur chun cinn agus beartais á bhforbairt ag an stáit a mbeidh tionchar acu ar naíonraí agus scoileanna tumoideachais.

Ag leibhéal na luathbhlianta, déanann Gaeloideachas cuid mhaith plé leis an gComhar Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí agus leis na múinteoirí naíonra a ghlacann páirt sa Tae & Plé míosúil a eagraíonn Gaeloideachas, chomh maith le páirtithe leasmhara eile ar nós Na Naíonraí Gaelacha, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Glór na nGael agus Tuismitheoirí na Gaeltachta.

Ag leibhéal na scoile, bíonn an eagraíocht, ina cáil mar pháirtí oideachais, ag plé leis na páirtithe oideachais eile ar cheisteanna atá ábhartha don earnáil tumoideachais. Tá comhpháirtíocht láidir ag an eagraíocht leis An Foras Pátrúnachta agus le COGG, go háirithe, agus le baill uile an choiste oideachais a riarann Conradh na Gaeilge.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Thug Gaeloideachas faoi chomhairliúcháin le baill d'fhonn a chinntiú go raibh a gcuid mianta agus moltaí san áireamh agus beartais nua a gceapadh ag an Stáit agus dá réir sin, d'fhoilsigh an eagraíocht aighneachtaí agus páipéir seasaimh ar na hábhair seo a leanas in 2024:

- Plean Náisiúnta do Sholáthar Gaeilge san Fhoghlaim agus Cúram na Luath Óige agus sa Chúram Leanaí d'Aois Scoile
- Straitéis Náisiúnta Míchumais

- Plean Straitéiseach Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, 2024-2028

Tá siad uile ar fáil go poiblí ar gaeloideachas.ie. I ngach cás, fiosraíodh an t-ábhar faoi chaibidil leis na páirtithe leasmhara cuí a mbíonn an eagraíocht ag plé leo, trí chruinnithe, suirbhéanna agus iarratais dhíreacha faoi eolas agus aiseolas.

Bíonn dlúth-chomhpháirtíocht leanúnach idir Gaeloideachas agus An Foras Pátrúnachta ar cheisteanna a bhaineann leis na scoileanna, agus is mor againn an tacaíocht a chuireann an dá eagraíocht ar fáil dá chéile. Bhí Gaeloideachas gníomhach sna chruinnithe rialta den Coiste Oideachais a riarann Conradh na Gaeilge agus sna feachtais ag IMEASC agus Gaelscoil4All, atá dírithe ar sholáthar scoile agus ag freastal ar éileamh tuismitheoirí ar oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí.


Ritheadh an rún thíos ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Gaeloideachas, agus tá feidhm á tabhairt dó ó shin trí obair stocaireachta na heagraíochta:

Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfí leis an líon áiseanna téacsleabhair atá ar fáil trí Ghaeilge le go mbeidh réimse ceart de roghanna ar fáil ar na príomhábhair.

Tá plé agus comhoibriú leanúnach ar bun ag Gaeloideachas le COGG, le hionadaíocht ag an eagraíocht ar bhord COGG agus comhpháirtíocht in imeachtaí a chéile, ar nós an Tionól Forbartha agus an Chomhdháil Cheannaireachta.

Le tacaíocht ó na ceardchumainn, thug Gaeloideachas faoi fheachtas leis an liúntas don teagasc trí Ghaeilge a thabhairt ar ais le linn 2024 agus tá súil againn go mbeidh toradh air nuair a fhógrófar Cáinaisnéis 2026.

I gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge, rinne Gaeloideachas comórtas grafaice do Scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a mhaoiniú arís in 2024. Is comórtas é seo a eagraíodh den chéad uair in 2021. Bhí seastán ag Gaeloideachas ag Oireachtas na Samhna agus beimid ag súil le bheith ina theannta arís in 2025.



**Caiteachas, má bhain**

Ní raibh buiséad ar fáil do Gaeloideachas in 2024 le tabhairt faoin obair seo, lasmuigh d'acmhainní foirne agus costais taistil agus cothabhála. Caitheadh €30,046 san iomlán, idir bhaill boird agus bhaill foirne, ar thaisteal agus cothabháil agus iad i mbun gnó ar son na heagraíochta.

Chuir Gaeloideachas €3,300 ar fáil mar urraíocht ar Chomórtais Liteartha an Oireachtais.



**Dúshláin agus deiseanna**

Tá na deiseanna comhpháirtíochta i réimse na luathbhlianta leathnaithe go mór do 2025 anois agus maoiniú á fháil ag Gaeloideachas ón Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Tapófar gach deis plé le páirtithe leasmhara sa réimse seo agus tuiscint níos doimhne ar riachtanais na naíonraí a fhorbairt i measc na n-eagraíochtaí luathbhlianta atá ag tacú leis an earnáil.

Faraor, de dheasca na géarchéime maoinithe atá ann le Foras na Gaeilge, beidh srian níos mó ar Gaeloideachas dul i mbun comhpháirtíochta ar thionscadail ag leibhéal na scoile in 2025. Gan buiséad leordhóthanach ar fáil do thionscadail agus gan ach buiséad an-srianta ann le costais reatha, taistil agus cothabhála a chlúdach, fágfar an eagraíocht sa suíomh go mbeidh dúshlán ann an oiread céanna deiseanna comhpháirtíochta a thapú, lasmuigh d'acmhainní foirne amháin.

# Príomhchuspóir 2: Bunú soláthar nua

## Bunú soláthar nua a éascú de réir córais nua a thacaíonn le héileamh ar oideachas lán-Ghaeilge



*Gaelscoil Phort Laoise ag ceiliúradh 25 bliain ar an bhfód*

### Abhcóideacht láidir agus údarásach ar na próisis agus córais soláthair úra chun go mbeidh deis ag gach duine oideachas a fháil sa chóras tumoideachais

**Comhthéacs**

Is beag athrú atá tagtha ar chúrsaí sa réimse seo le blianta beaga anuas, anneoin an oiread stocaireachta a bheith déanta ag an bpobal ina leith. Tá an easpa dul chun cinn sa réimse seo ag cur baic ar fhorbairt na hearnála.

Tá dóchas ann go dtiocfaidh feabhas agus forbairt le foilsiú agus feidhmiú an Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge agus an Plean Cuimsitheach do na luathbhlianta. Mar a sheasann, ní leor an soláthar reatha le freastal ar éileamh ar an tumoideachas ag na trí leibhéal. Tá dúshláin éagsúla ann a imríonn tionchar ar na leibhéil faoi seach.

Ag leibhéal na luathbhlianta, toisc nach n-aithníonn an Stát na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht mar shuíomhanna uathúla tumoideachais, ní chuirtear tacaíocht chuí ar fáil dóibh le go mbeidís inmharthana.

Ag leibhéal na bunscoile, ní bhunaítear scoileanna nua ach de réir fás déimeagrafach, seachas bunaithe ar éileamh ar an tumoideachas, agus mar a chéile ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ach le castacht sa bhreis mar go mbíonn an Roinn Oideachais agus Óige ag brú aonaid in áit scoil nua neamhspleách, réiteach nach sásaíonn mianta na dtuismitheoirí dá bpáistí.




**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Bhí Gaeloideachas an-ghníomhach sna comhairliúcháin a lean maidir leis an bPolasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge agus an Plean Cuimsitheach do na luathbhlianta agus ag stocaireacht le go mbeidh bunú agus buanú soláthar tumoideachais lárnach sa dá pholasaí. Níor foilsiodh dréacht de cheachtar beartas go fóill. Tá moltaí déanta ag Gaeloideachas maidir le conas a d'fhéadfaí bunú naíonraí a spreagadh faoin bPlean Cuimsitheach do na luathbhlianta agus beimid ag súil le deimhniú in 2025 gur cuireadh san áireamh iad.

I gcás na scoileanna, tá sé tugtha le fios ag an Roinn Oideachais agus Óige nach mbeidh soláthar scoile anois san áireamh sa Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge, ach go mbunófar tascfhórsa ar leith le plé leis an gceist. Tá Gaeloideachas ag súil le hionadaíocht a bheith acu ar an tascfhórsa céanna, agus ceisteanna móra ardaithe cheana féin ag an eagraíocht maidir leis na dréacht-téarmaí tagartha atá luaite leis.

Lean obair an scáthghrúpa Gaelscoil4All le linn 2024. Is grúpa é atá comhdhéanta de thuismitheoirí atá i mbun feachtais ar son soláthar scoile nua i gcomhpháirt leis An Foras Pátrúnachta, Conradh na Gaeilge agus Gaeloideachas. Ghlac Gaeloideachas páirt sna himeachtaí um ardú feasachta lasmuigh den Dáil agus san imscrúdú atá ar bun ag Oifig an Choimisinéara Teanga ar an bpróiseas bunaithe scoile ag an iar-bhunleibhéal. Beidh torthaí an imscrúdaithe ar fáil, tá súil againn, in 2025.



**Caiteachas, má bhain**

Níor bronnadh aon deontas i leith naíonraí nó scoileanna nua a bhunú le linn 2024, agus is acmhainní foirne amháin a bhí i gceist leis an obair sa réimse seo.



**Dúshláin agus deiseanna**

Ba chúis díomá é nár foilsíodh dhá pholasaí chinniúnacha don earnáil a raibh muid ag súil leo in 2024, an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge agus an Plean Cuimsitheach Gníomhaíochta chun forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar Sholáthar Gaeilge i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile. Tá siad geallta anois in 2025 agus tá Gaeloideachas ag súil lena bheith ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile le dea-thionchar a imirt ar na polasaithe agus ar na pleananna feidhmithe a ghabhann leo. Beidh Gaeloideachas ag suil leis freisin go mbeidh ionadaíocht ag an eagraíocht ar an tascfhórsa atá le bunú ag an Roinn Oideachais agus Óige le plé le ceist an tsoláthair.

## Ardú feasachta go forleathan chun críche méadú suntasach a dhéanamh ar thuiscint an phobail faoi chur chuige agus buntáistí an chórais tumoideachais

**Comhthéacs**

Glacann Gaeloideachas go fonnmhar le deiseanna le cás na naíonraí agus na scoileanna a chur chun cinn sna meáin agus buntáistí an tumoideachais a roinnt leis an bpobal. Freastalaíonn ionadaithe na heagraíochta ar imeachtaí agus ócáidí ag a mbíonn spriocphobail i láthair d'fhonn eolas a roinnt leo faoin gcóras.

Tá ceithre shuíomh idirlín ag Gaeloideachas – Gaeloideachas.ie, GaeilgeDonNaionra.ie, BeathaTeanga.ie agus IrishForParents.ie – agus déantar eolas faoin gcóras tumoideachais a roinnt orthu ar fad. Ina theannta sin, roinntear eolas ar chainéal YouTube na heagraíochta agus ar na meáin shóisialta; Facebook, X (Twitter), Instagram, agus Threads san áireamh.

Cuireann Gaeloideachas foilseacháin ar fáil atá dírithe ar thuismitheoirí agus caomhnóirí, d'fhonn iad a chur ar an eolas maidir le buntáistí an tumoideachais agus feiliúnacht an chórais dá bpáistí.

Tá scéim ar leith, *An Nead*, ag Gaeloideachas a chabhraíonn le naíonraí agus le scoileanna suíomhanna idirlín a fhorbairt ar bhealach simplí agus cost-éifeachtúil, d'fhonn eolas maidir lena gcuid polasaithe, gníomhaíochtaí agus eile a roinnt lena bpobail.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Chomhoibrigh Gaeloideachas le Tyrone Productions agus TG4 ar thaifeadadh agus ar sheoladh an chláir faisnéise *An Naíonra,* sraith teilifíse maidir leis an saol sa naíonra thar thréimhse bliana. Thug an clár léargas don phobal agus do lucht déanta beartais ar an obair ollmhór a dhéanann múinteoirí naíonra agus na buntáistí atá á bhfáil ag na páistí faoina gcúram. Táimid chomh buíoch de na naíonraí a ghlac páirt ann, Naíonra Chaitlín Maude agus Naíonra Thomáis Dáibhís, agus de gach duine a roinn a gcuid ama agus saineolais linn leis an gclár a thabhairt chun aibíochta. In éineacht leis an tsraith, tá 26 físeán oideachasúla forbartha ag Gaeloideachas in éineacht le Tyrone Productions agus TG4 agus iad ar fad bunaithe ar thumoideachas sa naíonra, ar fáil anois ar foghlaim.tg4.ie.

Cuireadh go mór le méid na mbileog oibre a chuireann Gaeloideachas ar fáil do mhúinteoirí i naíonraí agus i ranganna naíonán, agus rinneadh athnuachan ar na bileoga agus leabhráin a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí maidir le buntáistí an tumoideachais ag gach leibhéal. Seoladh 148 ordú amach sa phost le linn 2024 d'ábhar bolscaireachta agus foilseacháin do thuismitheoirí agus caomhnóirí, ar iarratas ó naíonraí agus scoileanna a bhfuil ballraíocht acu leis an eagraíocht.

Roinneadh 'Féilire Aidbhinte Gaeloideachas' mar fheachtas eolais ar na meáin shóisialta le linn mhí na Nollag, ag díriú ar sheirbhís nó acmhainn amháin a chuireann Gaeloideachas ar fáil gach lá. Tá fás leanúnach ar líon na leantóirí againn ar na meáin shóisialta agus tá taisce bhreá againn ar YouTube. Bíonn dhá leathanach ag an eagraíocht i ngach leagan den iris ceardchumainn InTouch le haird a dhíriú ar fhorbairtí san earnáil. D'fhreastail ionadaithe na heagraíochta ar imeachtaí éagsúla le linn 2024, ina measc, Lá Spraoi na Gaeilge i Leitir Ceanainn, Club Lego as Gaeilge, Aonach Gairme i mBaile Locha Riach, Oireachtas na Samhna, Bleaist Eolaíochta agus araile.

Tá fás agus forbairt leanúnach ag teacht ar shuíomhanna idirlín Gaeloideachas, le níos mó ná 300 leathanach ar phríomhshuíomh na heagraíochta, gaeloideachas.ie, atá mar thobar eolais don earnáil tumoideachais. Tá 9 scoil san iomlán anois faoin scéim *An Nead* le suíomhanna idirlín á mbainistiú acu féin agus deiseanna ann dóibh iad a fhorbairt tuilleadh más mian leo.

**Caiteachas, má bhain**

Ní raibh buiséad ar fáil do Gaeloideachas in 2024 le tabhairt faoin obair ar na meáin shóisialta agus ábhar nua a chruthú do na suíomhanna idirlín, lasmuigh d'acmhainní foirne.

Caitheadh €27,371 ar fhoilseacháin a dhearadh agus a chló in 2024.

**Dúshláin agus deiseanna**

Aithníodh an gá le feachtas feasachta maidir leis an tumoideachas sa tuarascáil taighde a rinneadh mar chuid d'ullmhú an Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge, ach níl an polasaí foilsithe go fóill. Luíonn sé seo go nádúrtha le ról Gaeloideachas, mar eagraíocht atá ag plé leis na trí leibhéal, le gach pátrún agus gach cineál sainmheoin scoile, agus bheadh acmhainní foirne breise le tabhairt faoi ar bhonn níos leithne agus níos cuimsithí ina gcabhair an-mhór.

Bíonn athbhreithniú leanúnach le déanamh ar an ábhar bolscaireachta clóite a scaipeann Gaeloideachas lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an taighde agus na dea-chleachtais is déanaí, agus go bhfuil sé mealltach agus ábhartha do na pobail ar a bhfuil sé dírithe. Bíonn costas i gceist leis seo, áfach, chomh maith leis na costais cló, agus cuireann an buiséad srian ar an obair.



*Spraoi sa naíonra*

# Príomhchuspóir 3: Pobal a fhás

## Méadú ar an líon daoine atá ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge



*Plé ag Tionól Forbartha 2024*

### Éascú ar bhunú naíonraí agus scoileanna nua


**Comhthéacs**

Faraor, níor oscail aon naíonra, bunscoil nó iar-bhunscoil nua sa 26 contae in 2024, in ainneoin go bhfuil éileamh ann ar sholáthar breise. Tá na córais mar a bhaineann le bunú soláthar nua ag gach leibhéal ag cur baic ar fhás na hearnála.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

D'fhreagair Gaeloideachas fiosrúcháin maidir le bunú naíonraí agus scoileanna le linn 2024 ach níor osclaíodh aon soláthar nua, faraor.

Labhair baill foirne Gaeloideachas os comhair Choiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le cás bunú scoileanna a phlé le linn 2024. Fuarthas tacaíocht an-mhaith. D'fhorbair Gaeloideachas critéir maidir le bunú iar-bhunscoileanna in éineacht leis An Foras Pátrúnachta agus Conradh na Gaeilge agus roinneadh iad le Coiste na Gaeilge le háireamh sa tuarascáil 'An tÉileamh ar an Oideachas Lán-Ghaeilge ag Leibhéal na hIar-Bhunscoile nach bhfuil á shásamh ag an Stát'.



**Caiteachas, má bhain**


Ní raibh aon bhuiséad faoi leith ag Gaeloideachas in 2024 don réimse seo, lasmuigh d’acmhainní foirne.



**Dúshláin agus deiseanna**

Tá easpa dul chun cinn sa réimse seo le blianta beaga anuas, agus deiseanna á gcailleadh gach uile bhliain le buntáistí an tumoideachais a bhronnadh ar pháistí agus ar dhaoine óga dá réir. Leis na beartais atá le foilsiú in 2025 – a bhí le foilsiú ar dtús in 2024 ach go raibh moill orthu – bheimis ag súil leis go bhfeabhsófar na córais le tacú le bunú soláthar nua ag an trí leibhéal. Tá dóchas go mbeidh tacaíochtaí cuí do bhunú naíonraí nua sa Phlean Cuimsitheach do na luathbhlianta, agus go mbeidh tascfhórsa nua na Roinne Oideachais agus Óige in ann gníomhú gan mhoill leis na bearnaí sa soláthar reatha ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile a líonadh agus pleanáil straitéiseach don todhchaí a dhearbhú. Beidh Gaeloideachas ag súil le ról lárnach a bheith aige san obair atá le déanamh ag gach leibhéal.

## Comhairle agus tacaíocht do scoileanna meán-Bhéarla ar mian leo sainmheon teanga na scoile a athrú le feidhmiú mar scoil lán-Ghaeilge nó Ghaeltachta



**Comhthéacs**

Tá dóchas ann gur féidir cur leis an soláthar tumoideachais trí chabhrú le scoileanna meán-Bhéarla a iompú ar an nGaeilge. Ach, níl próiseas ag an Stát ná ag na comhlachtaí pátrúnachta leis an athrú stádais a spreagadh nó a éascú do scoileanna ar mian leo tabhairt faoi.

An ról a ghlacann Gaeloideachas air féin ná cabhrú le haon scoil ar mian léi an fhéidearthacht a fhiosrú agus a thabhairt chun críche dá pobal féin, agus stocaireacht a dhéanamh le go gcuirfidh an Stát spreagthaí agus tacaíochtaí cuí ar fáil chuige.



**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Rinne Gaeloideachas an cheist maidir le hathrú sainmheoin a phlé go sonrach leis an Roinn Oideachais agus Óige in 2023 le linn cruinnithe déthaobhacha mar chuid de na comhairliúcháin i leith fhorbairt an Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge. Táimid fós ag fanacht ar fhoilsiú an pholasaí, áfach, agus tuigtear anois go mbeidh bunú soláthar nua, bíodh sin trí sainmheon teanga a athrú nó eile, le bheith lasmuigh de scóip an pholasaí agus faoi chúram tascfhórsa, atá le bunú go fóill.

Cuireadh eolas agus comhairle ar fáil do na príomhoidí in dhá bhunscoil Bhéarla, le linn 2024, faoi na deiseanna agus na fáthanna le hathrú teanga scoile. Roinneadh taithí na scoileanna Béarla i gContae an Chláir agus i gCiarraí a rinne an t-athrú agus dul chun cinn na bunscoileanna Gaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.

I gcás an dá bhunscoil mheán-Bhéarla a bhí ag plé le Gaeloideachas maidir leis an gceist seo ó 2020 agus 2021, tá a gcuid pleananna ar sos ó shin de dheasca athruithe sa daonra áitiúil, go príomha daltaí ag teacht chucu mar theifigh ón gcogadh san Úcráin, agus freisin, go dtí go mbeidh polasaí agus tacaíochtaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Óige. Ba thograí iad a bhí ag bailiú nirt go dtí 2023, agus is trua gur cailleadh go leor den fhuinneamh sin in 2024, mar gheall ar an moill ar an bPolasaí don Oideachas lán-Ghaeilge, agus ansin fógraíodh ó shin nach mbeidh soláthar nua mar cuid den pholasaí.

D’fhógáir iontaobhaithe agus pátrún Synge Street CBS le linn 2024 go bhfuil sé i gceist acu an iar-bhunscoil sheanbhunaithe a iompú ina gaelcholáiste ó 2026 ar aghaidh. Cé go raibh Gaeloideachas dlúthbhainteach le hiompú rathúil na bunscoile, Bunscoil Synge, ó 2017 ar aghaidh, níor pléadh cás na hiar-bhunscoile leis an eagraíocht. Ó shin, tá Gaeloideachas ar fáil do phobal na scoile le cúnamh agus comhairle leis an bpróiseas aistrithe a bhainistiú. Cé go nguíonn an eagraíocht gach rath ar phobal na scoile nua, aithnítear nach bhfeastalóidh réiteach Ghaelcholáiste Synge go hiomlán ar an éileamh atá ann d’iar-bhunscoil lán-Ghaeilge sa cheantar toisc gur scoil shainchreidmheach agus Chaitliceach a bheidh inti go fóill. Ardaíonn sé ceisteanna maidir le cur chuige na Roinne Oideachais agus Óige i leith soláthar nua a thabhairt chun cinn agus leanfaidh Gaeloideachas ag plé leis na páirtithe leasmhara d’fhonn an deis is fearr a thabhairt do dhaoine óga an cheantair an Ghaeilge a shealbhú tríd an gcóras tuimoideachais.

**Caiteachas, má bhain**

Ní raibh aon bhuiséad faoi leith ag Gaeloideachas in 2024 le tacaíocht a chur ar fáil do na scoileanna seo, lasmuigh d’acmhainní foirne.

**Dúshláin agus deiseanna**

Feictear do Gaeloideachas nach é athrú stádais scoileanna reatha an réiteach i dtaobh soláthar dóthanach tumoideachais, ach gur ceart é a chur chun cinn mar sin féin agus aon deis a thapú leis an soláthar reatha scoile a chur in oiriúint níos mó do mhianta agus riachtanais an phobail. Chuige seo, tá gá le polasaí Stáit atá físiúil, ionchuimsitheach agus infheidhmithe.




*Aengus Ó Snodaigh TD agus Katie Ní Riain ag lá stocaireachta Gaeloideachas*

# Príomhchuspóir 4: Dea-chleachtas tumoideachais

## Naíonraí agus scoileanna ag feidhmiú de réir na ndea-chleachtas tumoideachais aitheanta

### Tacú le comhroinnt saineolais agus dea-chleachtais trí Thionól Forbartha, comhdhálacha ar riachtanais speisialta oideachais agus seimineáir a eagrú agus a chur ar fáil

**Comhthéacs**

Tá sé mar aidhm ag Gaeloideachas dea-chleachtais a roinnt le príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile lena chinntiú go mbeidh páistí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge ag fáil oideachais ar an gcaighdeán is airde. Is tríd an Tionól Forbartha, comhdhálacha agus seimineáir a dhéantar é seo go héifeachtach.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Rinneadh go leor dul chun cinn i réimse na luathbhlianta in 2024, buíochas leis an maoiniú breise a cuireadh ar fáil tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Sa bhreis air seo, d'éirigh le hiarratas Gaeloideachas ar scéim mhaoinithe de chuid na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais le hacmhainní agus le forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do na naíonraí. An toradh ar an iarratas ná post bliana ceadaithe le buiséad teoranta don bhliain 2025. Cabhróidh na forbairtí seo go mór le neartú bhonnchloch na hearnála tumoideachais.

Le linn 2024, forbraíodh dianchúrsa leath-lae ar luath-thumoideachas do mhic léinn 3ú leibhéal ag déanamh staidéir ar an luathoideachas. Ritheadh é mar scéim phíolótach an-rathúil in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Rinne Gaeloideachas maoiniú in 2024 ar thaighde ar riachtanais bhreise oideachais sna naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Forbrófar forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí naíonra bunaithe air in 2025. D'éascaigh Gaeloideachas na grúpaí fócais le múinteoirí naíonra mar chuid den taighde.

D'ullmhaigh Gaeloideachas Clár Sealbhaithe agus Forbartha Teanga do mhúinteoirí naíonra i gcomhpháirt leis an Roinn Leanaí, le cur faoi bhráid fho-ghrúpa um dhearbhú caighdeán na Roinne Leanaí in 2025. Agus an clár faofa, cuirfear ar fáil é ar ardán foghlama de chuid na Roinne Leanaí.

Reáchtáladh Comhdháil na Luathbhlianta do mhúinteoirí naíonra ar an 19 Deireadh Fómhair in CHQ, Baile Átha Cliath, ionad álainn a chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil dúinn. Ócáid an-rathúil a bhí ann, le ceardlanna ar an ealaín agus ar an spraoi lasmuigh.

D'fhógair Gaeloideachas scéim nua in 2024 do mhúinteoirí naíonra a thugann deis dóibh tabhairt faoi chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht ar feadh seachtaine. Tá an-éileamh ar an scéim agus tá buiséad iomlán na scéime geallta don bhliain 2025.

Thug Gaeloideachas faoi cheardlann ag an Tionól Teagaisc, eagraithe ag Oide, ar an 9 Márta dar teideal *Beatha Teanga agus acmhainní praiticúla eile ó Gaeloideachas.*

Reáchtáil Gaeloideachas *Bláthú: Tionól ar Riachtanais Speisialta Oideachais* le tacaíocht ó COGG, in Óstán Athlone Springs, Baile Átha Luain, ar an 17 Aibreán 2024. Bhí an-rath ar an ócáid, ina raibh plé painéal le hionadaíocht ón Roinn Oideachais agus Óige, NEPS agus an NCSE agus seoladh déanta ar thaighde nuachoimisiúnaithe ag COGG agus ar acmhainní nua a d'fhorbair Gaeloideachas i bpáirt le hIonad Uathachais Middletown.

Reáchtáladh Tionól Forbartha 2024 i bpáirt le COGG i gCo. an Chabháin, ar an 22 Samhain 2024. Cuireadh clár leathan ceardlann agus seimineár phraiticiúla ar fáil. Bhí aonach mór seastán ann le heagraíochtaí agus comhlachtaí ag plé le réimse leathan acmhainní agus seirbhísí tacaíochta do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Cuireadh taifeadtaí de na seisiúin éagsúla, cóip de chainteanna agus cuir i láthair, mar aon le hacmhainní eile, ar fáil ar gaeloideachas.ie.

**Caiteachas, má bhain**

Caitheadh €68,740 sa réimse seo in 2024.

**Dúshláin agus deiseanna**

Chabhraigh maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta go mór le cur chun cinn cuspóirí Gaeloideachas mar a bhaineann le dea-chleachtas tumoideachais i réimse na luathbhlianta in 2024 agus tá áthas orainn go bhfuil an maoiniú sinn geallta go 2029, agus deiseanna maoinithe eile leis an Roinn Leanaí tagtha chun cinn ó shin. Tá deacrachtaí sistéamacha ann go fóill a chuireann bac áirithe ar rannpháirtíocht múinteoirí, go háirithe an easpa ionadaíochta a bheith ar fáil, easpa buiséid chun freastal ar ócáidí lasmuigh d'uaireanta teagmhála agus teagaisc, agus deacrachtaí acu freastal ar ócáidí ag an deireadh seachtaine. Tá Gaeloideachas i mbun athbhreithnithe go leanúnach chun a chinntiú go bhfuilimid ag freastal ar na múinteoirí ar an mbealach is éifeachtaí agus is inrochtana dóibh.

Tá dúshlán an-mhór ann le maoiniú don réimse seo ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, áfach. Ní leor an maoiniú atá ceadaithe do 2025 leis an leibhéal céanna gníomhaíochta a choimeád ag imeacht. Gan réiteach ar ghéarchéim maoinithe Fhoras na Gaeilge, tá baol ann do mhór-ócáidí oiliúna na hearnála tumoideachais, is é sin an chomhdháil ar riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus an Tionól Forbartha, a mbíonn na céadta ag freastal orthu.

## Éascú ar líonraí agus pobail chleachtais d'fhonn comhroinnt an dea-chleachtais a éascú agus tógáil gréasáin do naíonraí agus scoileanna

**Comhthéacs**

Tá sé mar aidhm ag Gaeloideachas pobal an oideachais lán-Ghaeilge a chothú agus a neartú trí ghréasáin éagsúla a bhunú leis an bpobal sin a thabhairt le chéile. Tá sé mar aidhm againn a bheith mar phointe teagmhála lárnach do phríomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí nuair a thagann sé chuig ceisteanna a bhíonn acu faoin oideachas lán-Ghaeilge nó chun comhairle a chur orthu.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

D'eagraigh Gaeloideachas pobal cleachtais ar líne go míosúil do mhúinteoirí naíonra le linn 2024 agus leanann sé go fóill, ina bhfuil plé fiúntach i measc na rannpháirtithe.

D'fhógair an Roinn Oideachais agus Óige ar an 20 Bealtaine 2024 go leanfaidh an Tionscadal Taighde Gníomhaíochta do Scoileanna Beaga ar aghaidh ar feadh 2 bhliain eile go Meitheamh 2026. Beidh Gaeloideachas ag leanúint le comhordú a dhéanamh ar Chnuasach Scoileanna Beaga Iorras Aithnigh, Conamara, faoi stiúir Joe Mhic Dhonnacha. I mí na Bealtaine, d'eagraigh Cnuasach Scoileanna Iorras Aithnigh *Cuireadh chun Comhrá* ag a raibh daltaí agus múinteoirí i láthair. Cuireadh béim ar smaointe daltaí óga an cheantair faoina gceantar féin agus faoin todhchaí mar ba mhaith leo é a bheith. Beidh tuarascáil á foilsiú faoin ócáid go luath chun cuidiú le dul chun cinn an chnuasaigh sna blianta atá amach romhainn.

D'éascaigh Gaeloideachas cuairteanna ar naíonra agus ar scoileanna bunleibhéil agus iar-bhunleibhéil le beirt thaighdeoir ón Nua-Shéalainn. Bhí go leor le foghlaim ag na rannpháirtithe óna chéile maidir le cleachtadh agus cur chun cinn an tumoideachais.

Reáchtáil Gaeloideachas cruinniú d'ionadaithe scoile ag comhdháil an IPPN faoi théama an Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge, leis an sprioc le comhthuiscintí a fhorbairt. Bhí freastal maith air agus plé an-fhiúntach.

Bhí freastal ard ar Thionól Forbartha Gaeloideachas i bpáirt le COGG (clúdaithe cheana thuas sa tuairisc ar chomhroinnt saineolais) agus tuigtear ón aiseolas go gcuireann na rannpháirtithe luach an-ard ar an ngné shóisialta a bhaineann leis an ócáid, agus na deiseanna le bheith ag plé agus ag foghlaim óna chéile. Agus is mar a chéile é le Comhdháil na Luathbhlianta, a thug deis iontach do mhúinteoirí naíonra tógáil ar an gcaidreamh lena bpiaraí.

Rinne Gaeloideachas aighneacht maidir le Plean Straitéiseach Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí in 2024 agus i measc na moltaí a bhí ann, d'iarr an eagraíocht go dtabharfar feidhm arís don fhochoiste a bhíodh ag an gComhairle ag plé leis an ngaeloideachas agus go ndéanfar scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a mhealladh isteach sa scéim do scoileanna comhpháirteacha atá á fheidhmiú acu.

**Caiteachas, má bhain**

Caitheadh €8,731 ar an Tionscadal Taighde Gníomhaíochta do Chnuasaigh Scoileanna Beaga in 2024.

**Dúshláin agus deiseanna**

Mar a luadh cheana i gcomhthéacs na forbartha gairmiúla leanúnaí ag an trí leibhéal – naíonra, bunscoil agus iar-bhunscoil – ceann de na dúshláin is mó ná go mbeadh an t-am ag daoine a bheith páirteach sna líonraí agus pobail chleachtais nuair atá an oiread brú orthu lena gcúraimí laethúla oibre. An deis atá ann ná go gcabhródh Gaeloideachas leo comhghuaillíochtaí láidre a bhunú agus a bhuanú a laghdódh an t-ualach dóibh. Tá eiseamláir ann i dtionscadal na scoileanna beaga ina mbeadh go leor féidearthachtaí í a leathnú go comhthéacsanna eile, ach an toil agus tacaíocht maoinithe a bheith ar fáil dó. Aithnímid go bhfuil obair den scoth ar bun ag eagraíochtaí eile sa spás seo, agus iarraimid orthu a chinntiú go dtugann siad aitheantas don sciar suntasach den earnáil luath-óige agus oideachais atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus a bhfuil riachtanais ar leith ag a bpobal dá réir.

## Forbairtí a mholadh a thagann le dea-chleachtas agus na caighdeáin is airde tumoideachais



*Comhdháil na Luathbhlianta 2024*

### Comhthéacs

Tá ceist an dea-chleachtais agus na gcaighdeán i gcroílár an phlé a bhíonn ar bun ag Gaeloideachas le páirtithe leasmhara maidir le polasaithe, scéimeanna nó ábhar ar bith a imríonn tionchar ar chaighdeán an tumoideachais. Is i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile a thugtar faoi chuid mhaith den obair seo, agus ina measc an dlúth-chomhpháirtíocht leis an Foras Pátrúnachta agus le heagraíochtaí Gaeilge ar an gcoiste oideachais faoi stiúir Chonradh na Gaeilge, áit a bpléitear agus a n-aontaítear cur chuige traseagraíochtúil ar cheisteanna a bhaineann leis an nGaeilge ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí, díolúintí ón nGaeilge, reachtaíocht a imríonn tionchar ar an teanga, agus araile.

### Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024

D'fhreastail ionadaithe Gaeloideachas ar chruinnithe comhairliúcháin rialta leis an Roinn Oideachais agus Óige ar shaincheisteanna éagsúla i gcaitheamh 2024, agus an eagraíocht aitheanta mar pháirtí oideachais. I measc na n-ábhar plé sna cruinnithe seo, bhí: soláthar múinteoirí; socruithe ath-imlonnaithe múinteoirí; scéim na scoileanna beaga; freagairt na Roinne Oideachais agus Óige do pháistí ón Úcráin sa chóras; míbhuntáiste oideachasúil in Éirinn.

In 2024, d'fhógair Gaeloideachas scéim nua do mhúinteoirí naíonra a thugann deis dóibh tabhairt faoi chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht ar feadh seachtaine. Tá an-éileamh air an scéim agus tá súil ag an eagraíocht é a chur ar fáil arís in 2025.

Bhí Gaeloideachas páirteach san obair leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta le hathbhreithniú a dhéanamh ar Aistear. Táimid an-bhuíoch de Mháire Ní Mhurchú, a bhí mar ionadaí na heagraíochta le linn an phróisis, a mhair ó 2023-2025. Roinn Máire a cuid ama agus saineolais go fial leis na páirtithe leasmhara uile, chun leasa na naíonraí. Foilseofar an curaclam athbhreithnithe in Earrach 2025, le cur i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2025.

Chuir Gaeloideachas riachtanais na scoileanna DEIS chun cinn ag ócáidí DEIS de chuid na Roinne Oideachais agus Óige, go háirithe an grúpa comhairleach DEIS.

**Caiteachas, má bhain**

Ní raibh buiséad ar fáil do Gaeloideachas in 2024 le tabhairt faoin obair seo, lasmuigh d'acmhainní foirne.

**Dúshláin agus deiseanna**

Is é an dúshlán agus an deis is mó atá i ndán don réimse seo ná ábhar na bpolasaithe atá le foilsiú in 2025 maidir le Gaeilge sna luathbhlianta, oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus Gaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla. Thug torthaí na bpróiseas comhairliúcháin a bhain leo uile an-mhisneach dúinn go bhfuil tuiscint chomhaontaithe go forleathan i measc naíonraí, scoileanna agus na bpobal a bhfuil siad ag freastal orthu maidir leis na forbairtí atá de dhíth san earnáil tumoideachais. Bhí na héilimh a d'eascair as an bplé leo soiléir agus cuimsitheach. Má ghlactar leo agus má chuirtear pleananna gnímh sa tsiúil chun iad a bhaint amach, beidh céimeanna móra glactha ag an Stát i dtreo fhís Gaeloideachas a fhíorú, is é sin, córas eiseamláireach tumoideachais, ón naíonra go bunscoil go hiar-bhunscoil, a bheith ar fáil do gach uile dhuine. Beidh Gaeloideachas ag obair go dian agus ag tapú gach deise le dul i gcion ar na ranna Stáit lena mbaineann le dul i bhfeidhm orthu ina leith, agus ag tacú lenár bpobal leis na forbairtí a chur i bhfeidhm dá réir.

# Príomhchuspóir 5: Riachtanais speisialta oideachais

## Éascú a dhéanamh ar chumas an chórais tumoideachais freastal ar gach uile pháiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici

### Feasacht a ardú ar riachtanais na bpáistí agus na scoileanna maidir le tacaíochtaí RSO chun críche córas fianaisebhunaithe, tacúil agus éifeachtach a bheith ar fáil do gach páiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici

**Comhthéacs**

Tá réimse an oideachais speisialta ag fás, le líon na ranganna speisialta sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag dul i méid. Tuigtear do Gaeloideachas ón bhfianaise starógach go bhfuil naíonraí agus scoileanna ag plé níos minice anois le leanaí, páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus go bhfuil siad bródúil as a bheith in ann freastal orthu agus pobal ionchuimsitheach a chothú. Ach, ainneoin an obair ollmhór dhearfach atá ar siúl ag naíonraí agus scoileanna, tá ganntanas tacaíochtaí atá dírithe go sonrach ar riachtanais speisialta oideachais sa suíomh tumoideachais fós an-dúshlánach.

Cé go mbaineann córas na ndíolúintí go sonrach le scoileanna meán-Bhéarla, tá sé ag imirt an-drochthionchair ar an gcóras tumoideachais. Tá Gaeloideachas buartha go bhfuil neamhaird á tabhairt ar an ngéarchéim a bhaineann leis agus ar chomhairle shaineolach nach bhfuil bunús taighde ar bith leis an gcóras, agus go leanfar le stádas na Gaeilge a chreimeadh sa chóras oideachais trí thabhairt le fios nach bhfuil sí oiriúnach mar theanga do pháistí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

In 2024, rinne Gaeloideachas taighde a choimisiúnú leis an Dr Sinéad Nic Aindriú ar riachtanais bhreise oideachais sna naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Forbrófar forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí naíonra bunaithe air.

Rinneadh go leor plé i gcaitheamh na bliana le saineolaithe, taighdeoirí agus eagraíochtaí leasmhara chun gníomhartha a aontú faoi conas tionchar a imirt ar an dúshlán mór atá ann páistí a bhfuil disléicse orthu ag fágáil na scoileanna ag ráta ard, agus drochthionchar chóras na ndíolúintí. Ardaíodh an cheist chomh maith i gcruinniú le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Óige.

D'eagraigh Gaeloideachas teacht le chéile eile do thuismitheoirí agus cúramóirí páistí uathacha ar an 27ú Feabhra i Scoil Oilibhéir. Bhí baill foirne ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) i láthair le caint faoin aistriú chuig an iar-bhunleibhéal. Bhí deis ag tuismitheoirí ceisteanna a ardú leo maidir le soláthar iar-bhunscoile agus eile. Rinne Gaeloideachas tuairisciú breise chuig an CNOS agus eagraíochtaí cuí eile ina dhiaidh. Tá curtha in iúl ag an CNOS go mbeidís sásta obair i bpáirt le Gaeloideachas chun críche clár a fhorbairt ar an disléicse don suíomh tumoideachais.

Rinne Gaeloideachas aighneacht maidir leis an Straitéis Náisiúnta nua Mhíchumais, atá le léamh ar www.gaeloideachas.ie agus bhí an eagraíocht páirteach sa chomhairliúchán maidir leis an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) 2004.

Bhí plé ag an eagraíocht le hOllscoil Dhún Éideann faoi na háiseanna cruthaithe don togra *Autism-Bilingualism*. Tá cead faighte leagan Gaeilge a dhéanamh den bhileog eolais agus beidh Gaeloideachas luaite mar chuid de sheoladh an tsuímh nua atá idir láimhe acu.

Cuireadh tionscadal comhpháirtíochta mór le *Middletown Centre for Autism* i gcrích, le 20 acmhainn luathbhlianta forbartha agus foilsithe ar www.gaeloideachas.ie. Tá 58 acmhainn Ghaeilge forbartha ag an dá eagraíocht le chéile ar an iomlán. Tá leabhrán PDF forbartha as mar phacáiste tacaíochta do mhúinteoirí.

Ritheadh na rúin thíos ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Gaeloideachas, agus tá feidhm á tabhairt dóibh ó shin trí obair stocaireachta na heagraíochta:

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais córas tacaíochta a fhorbairt do pháistí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bhfuil cúnamh teanga de dhíth orthu don Ghaeilge mar an dara teanga, amhail an córas EAL don Bhéarla.

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais an réasúnaíocht a mhíniú d'úsáid meán torthaí na dtástálacha caighdeánaithe sa Bhéarla agus sa Ghaeilge chun an liúntas litearthachta SET a mheas i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta,

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais riachtanais tacaíochta sa dá theanga a aithint trí chóras nua a chur i bhfeidhm a thugann an tacaíocht atá riachtanach do scoláirí an chórais.

Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear ualú don luath-idirghabháil i ranganna na naíonán san áireamh do 2024/25, chomh maith le breithniú ar riachtanais iolracha in áit riachtanais chasta.

**Caiteachas, má bhain**

Caitheadh €25,590 ar thaighde mar a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais sna luathbhlianta in 2024.

**Dúshláin agus deiseanna**

Leanfaidh Gaeloideachas ag cur i gcoinne chóras na ndíolúintí mar chóras atá lochtach, a cheileann an deis ar pháistí agus ar dhaoine óga an Ghaeilge a shealbhú agus a dhéanann beag is fiú de na cumais atá acu. Tá deis mhór ann le dul i bhfeidhm go dearfach ar an bpobal maidir leis an gceist seo agus an meon i gcoitinne i leith na Gaeilge a bheith 'deacair' ach athbhreithniú ó bhonn a bheith déanta ar an gcóras.

Léiríonn an taighde gur féidir le páistí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu buntáistí a bhaint as an tumoideachas agus an dátheangachas, ach teastaíonn breis seirbhísí tacaíochta agus acmhainní i gcoitinne atá spriocdhírithe ar a gcuid riachtanas. Tá siad seo ag teastáil le cur chuige ionchuimsitheach a chinntiú agus lena dhearbhú gur féidir leis na naíonraí agus scoileanna freastal mar is cuí ar na daoine óga seo.



*Toscairí ag Bláthú 2024*

# Príomhchuspóir 6: Seirbhísí eolais agus comhairle

## Seirbhísí eolais agus comhairle don phobal maidir leis an earnáil, agus seirbhísí eolais agus tacaíochta spriocdhírithe ar naíonraí agus scoileanna



*Toscairí ag Bláthú 2024*

### Acmhainní, comhairle, seimineáir agus tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil d'ár bpobail

**Comhthéacs**

Cuireann Gaeloideachas acmhainní, comhairle, agus tacaíochtaí do thuismitheoirí, do scoileanna, do naíonraí, agus don phobal i gcoitinne ar fáil ar bhonn leanúnach. Eagraítear seimineáir freisin le heolas maidir leis an earnáil lán-Ghaeilge a roinnt ar líne nó i bpearsan. Ina theannta sin, bíonn fáilte roimh an bpobal i gcónaí teagmháil a dhéanamh le Gaeloideachas ar an bhfón, trí ríomhphost, nó ar na meáin shóisialta agus cuirtear eolas ar fáil dóibh lena gcuid ceisteanna a fhreagairt.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Foilseacháin

Cuireadh le líon agus cineál na bhfoilseachán a chuireann Gaeloideachas ar fáil do naíonraí agus scoileanna le linn 2024. Tá leaganacha PDF saor in aisce ar fáil go poiblí ar gaeloideachas.ie, irishforparents.ie agus gaeilgedonnaionra.ie, agus bhí éileamh mór ar leaganacha cloíte ó na baill

le linn 2024, le 148 ordú scaipthe ar naíonraí agus scoileanna sa phost agus tuilleadh ag imeachtaí agus le linn cuairteanna.

### An Nead

Le linn 2024, rinne Gaeloideachas suíomh idirlín nua a fhorbairt do Scoil Chaomháin, Inis Oírr agus cuireadh oiliúint ar scoileanna eile na scéime maidir le conas a suíomhanna a chothabháil.

### Obair sa phobal

Tá Gaeloideachas ag comhoibriú go leanúnach le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara eile, agus chinntíomar i gcónaí go raibh eolas ar ardchaighdeán i leith an oideachais lán-Ghaeilge curtha chun cinn ag gach cruinniú, fócasghrúpa, comhdháil nó eile a rabhamar páirteach ann. D'fhreastail ionadaithe na heagraíochta ar bhreis agus 100 cruinniú le linn 2024.

Rinneadh plé le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le scéimeanna píolótacha ina bhféadfaí daoine nua a mhealladh i dtreo an chórais tumoideachais agus le tacú le forbairt scoilphobail scoileanna na cathrach. Leanann an plé in 2025.

Pléadh todhchaí an chórais lán-Ghaeilge in Uíbh Ráthach i gcruinniú leis an bpleanálaí teanga ansin. Le linn an chruinnithe cruthaíodh pleananna do naíonra nua, d'fheachtas ar bhuntáistí an oideachais lán-Ghaeilge dírithe ar an bpobal in aice leis an nGaeltacht agus do chomhoibriú le grúpaí eile atá bainteach le hoideachas sa gceantar.


Thug foireann forbartha Gaeloideachas faoi chur i láthair do thuismitheoirí ar bhuntáistí an tumoideachais i scoileanna ar bhonn iarratas, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di agus ag an trí leibhéal, naíonra, bunscoil agus iar-bhunscoil. Rinneadh cur i láthair do thuismitheoirí freisin mar chuid den fheachtas Creidim Ionat. D'fhreastail Gaeloideachas ar cheardlanna agus ar chomhdhálacha seachtracha le linn na bliana, go minic ag reáchtáil seastán agus ag cur eolais ar fáil don phobal maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge.

Chuir Gaeloideachas seimineáir ar líne ar fáil do thuismitheoirí maidir leis an leanúnachas agus buntáistí an tumoideachais agus tá siad ar fáil le breathnú siar orthu ar chainéal YouTube na heagraíochta.

### Seirbhísí eolais

Roinneadh eolas ábhartha do phobal an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar na meáin shóisialta, ar shuíomhanna Gaeloideachas, agus i nuachtlitreacha na heagraíochta ar bhonn leanúnach. Tugadh comhairle do dhaoine a rinne teagmháil leis an eagraíocht maidir leis an gcóras tumoideachais. Cuirtear acmhainní agus tacaíochtaí nua ar fáil go tráthrialta i leabharlann Gaeloideachas ar shuíomh idirlín na heagraíochta agus déantar taifeadadh ar sheimineáir agus ar cheardlanna agus roinntear iad seo ar YouTube.

Thug Gaeloideachas faoi go leor agallamh raidió agus teilifíse náisiúnta le linn na bliana chun eolas agus riachtanais an oideachais lán-Ghaeilge a roinnt leis an bpobal.



**Caiteachas, má bhain**

Caitheadh €27,371 ar fhoilseacháin agus ábhar bolscaireachta in 2024.

Ní raibh buiséad ar fáil do Gaeloideachas in 2024 le tabhairt faoi tuilleadh forbartha ar scéim An Nead nó ar sheirbhísí eolais na heagraíochta, lasmuigh d'acmhainní foirne.

Caitheadh €200 ar sheimineáir do thuismitheoirí in 2024.

**Dúshláin agus deiseanna**

Is réimse oibre é seo atá ag fás ar feadh an ama, le freastal ar riachtanais agus ar mhianta ár bpobal. Bíonn gá le hacmhainní foirne chuige sin, agus leis an bhfoireann bheag atá ag Gaeloideachas is féidir leis a bheith deacair freastal ar gach iarratas a dhéantar.

Ceann de na moltaí a d'eascair as an gcomhairliúchán ar fhorbairt an Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge ná gur chóir feachtas feasachta a chur ar bun lena chur in iúl do thuismitheoirí nach gá go mbeadh Gaeilge acu féin le go mbeadh an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach dá bpáistí, agus go mbeidh tacaíocht ann dóibh má roghnaíonn siad dul leis an tumoideachas. Táimid fós ag fanacht ar fhoilsiú an pholasaí agus ar na polasaithe gaolmhara mar a bhaineann leis an nGaeilge sna luathbhlianta agus sna scoileanna meán-Bhéarla faoi seach, ach bheadh Gaeloideachas ag súil le ról lárnach a bheith aici san obair seo agus go mbeidh sé sin sonraithe sna pleananna gnímh a bheidh le dul leis na polasaithe, le maoiniú cuí curtha ar fáil chuige.

# Príomhchuspóir 7: Eagraíocht láidir

## Eagraíocht láidir atá ionadaíoch ar riachtanais na mball

### Bord Stiúrtha atá ionadaíoch ar an earnáil tumoideachais a chinntiú, agus méadú i rannpháirtíocht naíonraí agus scoileanna in obair Gaeloideachas chun críche guth ionadaíoch láidir earnála

**Comhthéacs**

Leagann bunreacht Gaeloideachas amach obair na heagraíochta mar a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag leibhéal na bunscolaíochta agus ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta. Dá réir sin ceaptar baill an Bhoird Stiúrtha ó na hearnálacha seo. Tá struchtúr réigiúnach á fheidhmiú ag an eagraíocht chomh maith, rud a chiallaíonn go bhfuil bord an-mhór aici, le suas go seachtar déag ag suí air.

Ritheadh rún speisialta ag cruinniú urghnách de chuid Gaeloideachas in 2023 le ballraíocht a leathnú do naíonraí, mar gur balleagraíocht do scoileanna amháin a bhí in Gaeloideachas roimhe sin. Tá athbhreithniú le déanamh ar struchtúr agus ar bhunreacht na heagraíochta lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an dea-chleachtas agus an sárchleachtas agus go gcinnteofar na bealaí is éifeachtaí le bheith dílís dár misean, is é sin Abhcóideacht agus tacaíocht chun go mbeidh tumoideachas ar ardchaighdeán ar fáil do gach uile dhuine.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Go heatramhach, baineadh leas as comhthoghadh lena chinntiú go bhfuil ionadaíocht ag na naíonraí ar Bhord na heagraíochta.

Lean Bord Stiúrtha Gaeloideachas leis an athbhreithniú rialachais a tosaíodh in 2023, ag plé le comhairleoir maidir le héifeachtacht struchtúr an Bhoird agus struchtúr na heagraíochta. Ag eascairt as, tá cinntí le glacadh maidir le hathruithe a chur i bhfeidhm, agus leasuithe ar chomhdhéanamh an Bhoird Stiúrtha san áireamh. Molfar na hathruithe cuí ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2025.




**Dúshláin agus deiseanna**

Tá dul chun cinn sa réimse seo mall agus tomhaiste, ach tá deis iontach ann spéis agus rannpháirtíocht na bpobal a bhfuil an eagraíocht ag freastal orthu a mhealladh as an nua agus a mhéadú.

# Príomhchuspóir 8: Inmharthanacht mhaoinithe

## Foinsí breise maoinithe a chinntiú, agus achainíocha agus iarratais leanúnacha ar bhuiséad cuí ón bpríomhmhaoinitheoir, Foras na Gaeilge



**Comhthéacs**

Bhí Gaeloideachas spleách le níos mó ná 40 bliain anuas ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge le costais reatha, foirne agus gníomhaíochtaí uile na heagraíochta a chlúdach. Ní leor an maoiniú atá ar fáil faoi láthair le feidhmeanna uile na heagraíochta a chur i gcrích.

Níl méadú tagtha ar mhaoiniú na heagraíochta ó Fhoras na Gaeilge le bheith ag teacht leis an ráta boilscithe agus leis na hincrimintí pá atá dlite don bhfoireann, rud a chiallaíonn go bhfuil laghdú ar na scéimeanna agus tionscadail ar féidir a chur ar fáil. Tá scéimeanna a raibh tóir orthu ar ceal toisc nach bhfuil maoiniú ar fáil dóibh, rud a imríonn tionchar ar bhaill na heagraíochta.

In achar bliana, áfach, tá an eagraíocht i ndiaidh dul ó bheith maoinithe ag Foras na Gaeilge amháin, go maoiniú ó cheithre mhaoinitheoir san iomlán. Cé gur maoiniú spriocdhírithe ar feadh tréimhse sainithe atá i gceist leis, táimid ag súil leis go leathnófar deiseanna uaidh seo go horgánach.



**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Tá an ghéarchéim mhaoinithe don eagraíocht agus don earnáil á plé ar bhonn leanúnach ag Gaeloideachas le Foras na Gaeilge. In 2024, níor leor an bunmhaoiniú a cheadaigh Foras na Gaeilge do Gaeloideachas le buiséad tionscadail a áireamh sa phlean oibre don bhliain, lasmuigh de thionscadail a d'fhéadfaí a chur i gcrích le hacmhainní foirne amháin.

Tá roinnt ball foirne ag obair uaireanta laghdaithe, ar bhonn roghnach a oireann dá gcúinsí pearsanta, agus rinneadh athbhuiséadú i gcaitheamh na bliana le soláthar a bhí ann ó mhaoiniú Fhoras na Gaeilge dá dtuarastal a chur i dtreo tionscadail.

Thug Foras na Gaeilge deis do Gaeloideachas iarratas a dhéanamh ar €30,000 sa bhreis le linn 2024 agus glacadh leis. Cuireadh an maoiniú breise seo i dtreo tionscadal chomh maith.

I 2024, cuireadh tús le próiseas na luachála, coimisiúnaithe ag Foras na Gaeilge, ar an struchtúr a bhaineann le ceanneagraíochtaí agus an fhóraim comhpháirtíochta, faoi chúram Creative Solutions. Roinn Gaeloideachas an suirbhé faoi luacháil ar an struchtúr comhpháirtíochta ar ár mbaill. Tá moill ar an dul chun cinn sa phróiseas luachála, áfach, agus gan tuairisc air go fóill.

Rinne Gaeloideachas iarratas suntasach maoinithe chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta le haghaidh fhorbairt earnáil na luathbhlianta, le Gaeloideachas a chumasú le tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht.

Mar thoradh air, tá maoiniú cúig bliana faighte ag Gaeloideachas ón Roinn Gaeltachta d'fhonn tacú le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Cuireadh tús leis an socrú nuamhaoinithe i mí Lúnasa 2024 agus ceapadh Katie Ní Riain mar Bhainisteoir Luathbhlianta Gaeloideachas.

D'éirigh le hiarratas Gaeloideachas ar scéim mhaoinithe de chuid na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais faoin tsamhail nuamhaoinithe atá á feidhmiú acu. Ceadaíodh an maoiniú do Gaeloideachas le comhordú a dhéanamh ar acmhainní agus forbairt ghairmiúil do na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Tá post bliana ceadaithe, le buiséad teoranta do thionscadail don bhliain 2025.

Tá deis mhaoinithe nua tagtha chuig Gaeloideachas ón Roinn Oideachais agus Óige, trí Fhoras na Gaeilge. Is maoiniú suntasach atá i gceist, a mhairfidh tréimhse bliana (2025). Tá spriocanna sonracha luaite leis a bhaineann le háiseanna tacaíochta a fhorbairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí chun iad a chumasú leis an nGaeilge a chur chun cinn lena bpáistí sa bhaile.



**Dúshláin agus deiseanna**

Tá dúshlán leanúnach ann le bunmhaoiniú Gaeloideachas ó Fhoras na Gaeilge. Tá costais Gaeloideachas ag ardú gach bliain agus gan aon ardú i gceist ó 2015 go 2024 sa bhunmhaoiniú bliantúil a fhaigheann an eagraíocht ón bhForas.

In 2025, fógraíodh go mbeadh laghdú 2% i ndán do mhaoiniú na heagraíochta ó Fhoras na Gaeilge de dheasca ganntanais i mbuiséad an Fhorais. Tá na ciorraithe seo á gcur i bhfeidhm ar na heagraíochtaí uile a fhaigheann maoiniú ó Fhoras na Gaeilge agus tá Gaeloideachas rannpháirteach sa chomhfheachtas le cur ina gcoinne agus le todhchaí na hearnála deonaí Gaeilge a neartú.

Tá Gaeloideachas dóchasach go dtiocfaidh tuilleadh forbartha ar an maoiniú atá ar fáil le tacú leis an earnáil luathbhlianta lán-Ghaeilge nuair a fhoilseofar an Plean Náisiúnta do Sholáthar Gaeilge san Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus sa Chúram Leanaí d'Aois Scoile (SAC).

Tá iarratas rathúil déanta ag Gaeloideachas ar mhaoiniú do 2026 chuig an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, agus pléifear arís leis an Roinn Gaeltachta maidir le breis foirne a earcú le go mbeidh an eagraíocht cumasaithe le glacadh le cúraimí faoin bplean Náisiúnta nua.



*Vótáil ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2024*

# Príomhchuspóir 9: Dea-chleachtais

## Dea-chleachtais feidhmíochta agus rialachais a chinntiú agus cultúr láidir agus dearfach a chothú

### Measúnú agus feabhsú go féiltiúil ar chórais, polasaithe agus cleachtais trí anailís inmheánach agus trí chomhairle ó fhoinsí seachtracha saineolacha

**Comhthéacs**

I measc luachanna Gaeloideachas tá sé luaite go léireoidh an eagraíocht cumas foghlama, cumas forbartha agus cur chuige aclaí i gcónaí agus í ag éascú fhorbairt agus fhás na hearnála, agus go mbeidh sé gairmiúil ina cur chuige i gcónaí. Chuige seo, tá córais inmheánacha i bhfeidhm againn le cabhrú linn eolas a bhainistiú ar bhealach éifeachtach, an clár oibre a chur i gcrích, taifid chruinne a choinneáil agus eolas a roinnt le chéile mar fhoireann agus lenar bpobail nuair is cuí.

Tugann foireann Gaeloideachas faoi oiliúint ar bhonn rialta le cabhrú leo barr feabhais a bhaint amach ina gcuid oibre, agus tacaíonn polasaí oiliúna agus forbartha na heagraíochta leo.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar lámhleabhar foirne Gaeloideachas lena chinntiú go bhfuil na polasaithe ann ag teacht leis an dea-chleachtas agus le haon athruithe reachtúla.

**Gníomhaíochtaí glactha agus dul chun cinn déanta in 2024**

Le linn 2024 bhain foireann agus Bord Gaeloideachas lán-tairbhe as spás oibre comhroinnte ar líne le cáipéisí a roinnt, cumarsáid oscailte a thaifeadadh agus cruinnithe a reáchtáil, le meascán de chruinnithe fíorúla agus cruinnithe i bpearsan.

Lean an obair ar bhunachar sonraí na heagraíochta a bheachtú d'fhonn eolas cruinn a bheith againn ar na cliaint uile a mbímid ag plé leo – naíonraí, scoileanna, páirtithe oideachais agus luathbhlianta agus eile. Tá córas láidir, slán agus iontaofa againn agus táimid de shíor á fhorbairt de réir riachtanais.

I measc na réimsí oiliúna agus gearrchúrsaí ar thug baill foirne fúthu in 2024, bhí:

- An Bille Carthanais
- Cáilíocht, cosaint agus rialachas sonraí
- Margaíocht agus cruthú ábhar do na meáin shóisialta
- Feachtasaíocht agus stocaireacht
- Ceannaireacht foirne don chianobair
- Ceannaireacht agus cuntasacht
- Brón san ionad oibre
- Pleanáil don chumarsáid i ngéarchéim

Faigheann Gaeloideachas comhairle agus tacaíocht ó Adare mar a bhaineann le hacmhainní daonna agus úsáidtear córas Sage le heolas maidir le hacmhainní daonna a bhainistiú. Cuireadh trí pholasaí nua i bhfeidhm in 2024 de réir fhorálacha an Achta um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023:

- Tacaíochtaí san ionad oibre d'fhostaithe a bhfuil foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach á bhfulaingt acu
- Ceart chun cianobair a iarraidh
- Ceart chun socruithe oibre solúbtha chun críche cúraim a iarraidh

**Caiteachas, má bhain**

Caitheadh €5,237 ar oiliúint foirne in 2024.

**Dúshláin agus deiseanna**

Is gá a chinntiú go mbeidh buiséad leordhóthanach ann leis na costais a bhaineann leis na bogearraí agus seirbhísí tacaíochta proifisiúnta a mbaineann an eagraíocht leas astu a chlúdach, agus mar a chéile leis an mbuiséad le tacú le hoiliúint agus forbairt na foirne.



*Ceardlann ag Tionól Forbartha 2024*

Beidh leas an duine i gcónaí i gcroílár obair Gaeloideachas.

Aithneoidh Gaeloideachas agus déanfaidh sí freastal ar an gceart atá ag gach uile dhuine oideachas lán-Ghaeilge a fháil ón naíonra, go bunscoil, go hiar-bhunscoil.

Léireoidh Gaeloideachas cumas foghlama, cumas forbartha agus cur chuige aclaí i gcónaí agus í ag éascú fhorbairt agus fhás na hearnála.

Beidh Gaeloideachas gairmiúil ina cur chuige i gcónaí, agus déanfaidh sí ceiliúradh ar ghairmiúlacht na hearnála.

Tuigfidh agus tabharfaidh Gaeloideachas an tacaíocht is fearr agus is féidir i dtreo earnála atá láidir, forásach agus ionchuimsitheach.

Léireoidh Gaeloideachas uaillmhian agus díograis ina cur chuige agus í ag obair ar son leathnú agus fhorbairt an tumoideachais in Éirinn.

Cruthóidh agus cinnteoidh Gaeloideachas deiseanna chun cur leis an sárchaighdeán atá sna naíonraí agus sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.



*Spraoi lasmuigh sa naíonra*

# Athbhreithniú Airgeadais

Nóra Ní Loingsigh



## Ioncam

### Maoiniú Gaeloideachas

## Caiteachas

An bunbhriseadh síos ar an gcaiteachas do 2024 ná:

- Tuarastal agus préimheanna pinsin: €544,675
- Gnáthchaiteachas Reatha: €159,884
- Tionscadail: €188,982

### Costais reatha

Tá oifigí ar cíos ag Gaeloideachas, ceann i mBaile Átha Cliath agus ceann i nGaeltacht Chonamara.

San áireamh sna costais reatha tá na costais a bhaineann leis na hoifigí seo a rith, taisteal agus cothabháil foirne agus stiúrthóirí na heagraíochta agus na táillí proifisiúnta mar a bhaineann le hairgeadas, le hárachas, le teicneolaíocht faisnéise agus le rialachas na heagraíochta.

Áirítear oiliúint foirne faoin mbuiséad seo chomh maith.

### Acmhainní, scéimeanna agus gníomhaíochtaí

Tá cur síos cuimsitheach ar acmhainní, scéimeanna agus gníomhaíochtaí na heagraíochta in 2024 ar fáil sa léiriú ar ar bhain Gaeloideachas amach le linn 2024 sa tuarascáil seo.

### Acmhainní foirne agus seirbhísí comhairliúcháin

Is í foireann Gaeloideachas an tseirbhís tacaíochta, chomhairliúcháin agus chúnaimh do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, mar aon leis na naíonraí. Déanann foireann na heagraíochta feidhmeanna uile na heagraíochta mar aon le spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a chur i gcrích.

Níl aon oibrithe deonacha ag Gaeloideachas. Tá deichniúr foirne lánaimseartha ag Gaeloideachas faoi láthair agus níl aon fhostaithe páirtaimseartha ag an eagraíocht. Tá Bláthnaid ní Ghréacháin mar Ardfheidhmeannach na heagraíochta, tá Nóra Ní Loingsigh mar Leas-Ardfheidhmeannach agus tá Clare Spáinneach mar Bhainisteoir Seirbhísí, le dualgais bhainistíochta foirne orthu triúr. Cuirtear scéim phinsin ar fáil d'fhostaithe uile na heagraíochta agus íocann an eagraíocht céatadán de thuarastal na foirne leis mar atá aontaithe le Foras na Gaeilge agus An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus maoiniú ar fáil chuige.

### Bandaí tuarastail na foirne

Bhí 10 foirne fostaithe le Gaeloideachas in 2024:

- Duine amháin ar €30,000 - 40,000
- Duine amháin ar €40,000 - 50,000
- Cúigear ar €50,000 - 60,000
- Beirt ar €60,000 - 70,000
- Duine amháin ar €90,000 - 100,000

### Pinsin

Tá scéim phinsin ag Gaeloideachas le Irish Life. Tá deis ag gach fostaí a bheith rannpháirteach sa scéim seo nuair a thosaíonn sé/sí ar a c(h)uid fostaíochta. Déanann an eagraíocht ranníocaíocht suas le 5% de thuarastal an fhostaí sa scéim pinsin. Tá ball foirne amháin ar shocrú ranníocaíochta 10%. Féadfaidh fostaithe suas le 20% dá dtuarastal a chur sa scéim. Is féidir le fostaithe Ranníocaíocht Shaorálach Bhreise a dhéanamh chomh maith.

## Taighde agus deontais pholaitiúla

Thug Gaeloideachas faoi thaighde ar riachtanais speisialta oideachais sna luathbhlianta trí mheán na Gaeilge in 2024 agus foilseofar na torthaí in 2025. €25,590 an caiteachas a bhí i gceist leis in 2024.

Níor thug Gaeloideachas aon deontais d’eagraíochtaí polaitiúla le linn 2024.



*Ceol i nGaelcholáiste Phort Láirge*

## Struchtúr, rialachas agus bainistíocht

### Struchtúr na heagraíochta i 2024

#### Bord Stiúrtha

- Tofa go bliantúil ag baill na heagraíochta
- Uachtarán Clodagh Ní Mhaoilchiaráin agus Leas-Uachtarán Micheál S Mac Donnacha, Rúnaí Cuideachta Cormac Ó Tuairisg
- Ionadaíoch ar 6 réigiún thíreolaíocha agus 3 earnáil ar leith: bunscoileanna Gaeltachta, bunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht agus iar-bhunscoileanna (Gaeltacht agus lasmuigh di)

#### Feidhmeannas

- 10 san iomlán, lánaimseartha
- Ardfheidhmeannach Bláthnaid ní Ghreacháin agus Leas-Ardfheidhmeannach Nóra Ní Loingsigh
- Lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i nGaeltacht na Gaillimhe

#### Baill

- Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht agus lasmuigh di a chuireann oideachas lán-Ghaeilge ar fáil agus a chlaraíonn mar bhaill de chuid na heagraíochta, naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht sa 26 contae atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge
- Is iad na baill a dhéanann ainmniúcháin do Bhord Stiúrtha na heagraíochta, agus a mholann rúin le dul i bhfeidhm ar a clár oibre. Eagraíonn Gaeloideachas Cruinniú Ginearálta gach uile bhliain le baill an Bhoird a thoghadh agus deis a thabhairt do na scoileanna atá cláraithe linn rúin a mholadh.

#### Earnáil

- Naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, ar bhonn 26 contae
- Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, ar bhonn 32 contae
- Foireann agus pobail na naíonraí agus na scoileanna; tuismitheoirí, taighdeoirí, lucht déanta beartais, eagraíochtaí Gaeilge agus oideachais

## An Bord Stiúrtha

### Ról

Tugann Stiúrthóirí Gaeloideachas aire do shócmhainní na cuideachta (sealúchas, maoin agus airgead).

### Comhdhéanamh an Bhoird

De réir Airteagail Comhlachais Gaeloideachas, is féidir uasmhéid d'ocht stiúrthóir déag a bheith ar Bhord Stiúrthóirí na heagraíochta, comhdhéanta mar seo a leanas:

- An tUachtarán agus Leas-Uachtarán
- 6 stiúrthóir ainmnithe ag na 6 réigiún
- 6 stiúrthóir comhdhéanta de bheirt ó gach ceann de na hearnálacha seo a leanas:
    - Earnáil na mBunscoileanna Lasmuigh den Ghaeltacht
    - Earnáil na mBunscoileanna Gaeltachta
    - Earnáil na nIar-bhunscoileanna
- 3 stiúrthóir a bheidh comhthofa ag an mBord Stiúrthóirí chun cothromaíocht inscne, earnála, saintaithí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara inmheánacha i gcomhdhéanamh an Bhoird a dheimhniú.

### Bord Gaeloideachas don bhliain 2024

#### Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Uachtarán

Príomhoide Ghaelscoil Bhaile Brigín, Cathaoirleach ar Choláiste Ghlór na Mara, Iarbhall de bhord COGG, Cathaoirleach fhochoiste RSO Gaeloideachas, Rúnaí agus Cisteoir Ógeagrais, Máistreacht san Oideachas Lán-Gaeilge agus Gaeltachta, ball den mheitheal oibre don churaclam teanga nua de chuid an CNCM.

*Tréimhse ar an mBord: Samhain 2007 go dáta*

#### Micheál S. Mac Donnacha, Leas-Uachtarán

Múinteoir bunscoile Gaeltachta, Oifigeach Oideachais Gaeltachta de chuid COGG, SFGM, Iar-Chathaoirleach ar Óige na Gaeltachta agus Feachtas, Rúnaí ar Chraobh Iar-Chonnacht, Oifigeach Gaeilge na Meán le CMI, Cathaoirleach boird bainistíochta scoileanna Gaeltachta, Cathaoirleach ar Chomhairle Raidió na Gaeltachta, M.Oid san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

*Tréimhse ar an mBord: Samhain 2016 go Aibreán 2025*

#### Cormac Ó Tuairisg, Rúnaí agus Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna Gaeltachta

Múinteoir i Scoil Éinne, An Spidéal. Ag múineadh le 8 mbliana anuas i scoileanna Gaeltachta agus gaelscoileanna. Máistreacht san oideachas digiteach agus iar-innealtóir aerlong.

*Tréimhse ar an mBord: Samhain 2017 go dáta*

#### Róise Nic Corraidh, Ionadaí Réigiún 1

Múinteoir bunscoile i scoil Cholmcille Duibhlinn Riabhach, Ros Goill í. Ag obair mar mhúinteoir tacaíochta teanga i gceithre scoil Ghaeltachta le cúpla bliain anuas. MA i dTeanga agus Litríocht na Nua-Ghaeilge aici.

*Tréimhse ar an mBord: Feabhra 2021 go hAibreán 2025*

#### Crios Hickson, Ionadaí Réigiún 2

Múinteoir bunscoile agus Príomhoide Cúnta i nGaelscoil Phort Laoise. Chomh maith le M. Sc. i mBainistíocht ar Oideachas & ar Thraenáil ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tá Ard-Dioplóma i nDlí agus san Oideachas ó Óstaí na Rí bainte amach aige.

*Tréimhse ar an mBord: Meitheamh 2021 go dáta*

### Orla Ní Fhinneadha, Ionadaí Réigiún 3

Leas-phríomhoide Scoil Éinne, An Spidéal. Baitsiléir san Oideachas, Máistreacht san Oideachas, Dioplóma Gairmiúil i gCeannaireacht Scoile. Roinnt oibre déanta sna meáin freisin le TG4, le Fíbín agus le Molscéal. Spéis sa cheol, san amhránaíocht ar an sean-nós go háirithe. Sainspéis i scoileanna Gaeltachta agus cúrsaí Gaeltachta go ginearálta.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2023 go hAibreán 2025*

### Máiréad Ní Chatháin Uí Chonchúir, Ionadaí Réigiún 4

Ciarraíoch bródúil, Múinteoir Bunscoile, Post Cúnta, Gaelscoil Lios Tuathail, Co. Chiarraí, le taithí fhairsing ag múineadh sa chóras gaeloideachais. Máistreacht san Oideachas, san Oideachas Lán-Gaeilge agus Gaeltachta (M.Oid.), Dioplóma Iarchéime sna Riachtanais Speisialta Oideachais (PGDSEN), agus Dioplóma Gairmiúil Iarchéime i gCeannaireacht Scoile (DGCS).

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2023 go dáta*

### Tomás de Buitléir, Ionadaí Réigiún 5

Tomás de Buitléir, Príomhoide Tánaisteach, Gaelcholáiste Cheatharlach i mbaile Cheatharlach. In éineacht lena ról mar phríomhoide tánaisteach, is múinteoir Fraincise agus Gaeilge é. Iarléachtóir leis an B.Oid i gColáiste Mhuire gan Smál, Durlas, agus leis an M.G.O le hOllscoil na Gaillimhe. Céimí den M.Oid i gCeannaireacht agus Bainistíocht, Coláiste na Tríonóide, BÁC.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2023 go Meán Fómhair 2025*

### Antóin Delap, Ionadaí Réigiún 6

Aturnae as Gaoth Dobhair ó dhúchas atá ag cleachtadh i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i dTamhlacht. I mbun na míre dlí ar 'Barrscéalta' RTÉ Raidió na Gaeltachta le blianta fada anuas. Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta Choláiste Eoin, Baile Átha Cliath.

*Tréimhse ar an mBord: Bealtaine 2022 go hAibreán 2025*

### Deborah Ní Cheallaigh, Ionadaí Earnáil na nIar-bhunscoileanna

Múinteoir i bhFeighil ar Aonad Loch Gile, Sligeach. Múinteoir meánscoile le taithí fhairsing ag múineadh sa chóras gaeloideachais ó 2010. Is Oideachasóir Oirirce Apple í ó 2015 agus is iarbhall í den Bhord Comhairleach Oideachasóirí Oirirce Apple (EMEIA). Iartheagascóir den Mhatamaitic leis an M.G.O le hOllscoil na Gaillimhe.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2023 go dáta*

### Déaglán Ó Laoire, Ionadaí Earnáil na nIar-bhunscoileanna

Príomhoide i gColáiste Ráithín, Bré é. Múscraíoch ó dhúchas, a chaith seal fada ag múineadh Gaeilge i mBaile Átha Cliath. BA sa Ghaeilge agus Iarchéim san Oideachas, bhain sé MA sa Cheannaireacht Scoile amach in 2016. Bronnadh na gradaim uile air in Ollscoil Mhá Nuad.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2024 go dáta*

### Neasa Ní Mhurchadha, Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna Gaeltachta

As Rinn Ua gCuanach i nGaeltacht na nDéise ó dhúchais í. Tá sí ag múineadh i Scoil Náisiúnta na Rinne le breis agus deich mbliana. Máistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (M.Oid) bainte amach aici.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2024 go dáta*

### Aoife Ní Scolaí, Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

Príomhoide Ghaelscoil Laighean i ndeisceart Bhaile Átha Cliath í. As Conamara di agus ag múineadh in earnáil na gaelscolaíochta i mBaile Átha Cliath le breis agus cúig bliana déag. Spéiseanna: cearta teanga, litearthacht agus tógáil clainne le Gaeilge.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2024 go dáta*

### Bernard Ó Cathmhaoil, Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

Príomhoide Scoil Rois, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin é. M.Oid san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta aige.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2024 go dáta*

### Mary Ann Uí Dhuibhghiolla, Stiúrthóir Comhthofa

Bainisteoir agus múinteoir naíonra í le breis agus dhá bhliain déag i Naíonra Lorcáin, Baile na Manach, Baile Átha Cliath. Múinteoir meánscoile tráth dá raibh (BA, Ardteastas san Oideachas agus MA san Oideachas). Tréimhse caite ar Bhord Stiúrtha Comhluadar.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2024 go dáta*

### Patricia Uí Tharlaigh, Stiúrthóir Comhthofa

Príomhoide Scoil Náisiúnta Gort an Choirce Dhún na nGall í.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2024 go dáta*

## Baill bhoird a sheas siar in 2024

### Marc de Grás, Cisteoir agus Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

Príomhoide Ghaelscoil na nDéise agus ball de Chomhairle Náisiúnta Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann. Ag obair sa chóras gaeloideachais ó 2003 agus is as Gaeltacht na Rinne sna Déise dó. M.A. bainte amach aige i mBainistíocht san Oideachas.

*Tréimhse ar an mBord: Nollaig 2019 go hAibreán 2024*

### Ciara Ní Chonchúir, Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna Gaeltachta

Is de bhunadh Ghaeltacht Dhaingean Uí Chúis í Ciara. Chaith sí roinnt blianta ag múinteoireacht thar lear agus tá sí anois curtha fúithi i nDún Garbhán agus ag obair mar mhúinteoir tacaíochta teanga faoin bpolasaí Gaeltachta sa Rinn. Tá MA sa Nua-Ghaeilge agus Máistreacht san Oideachas bainte amach aici.

*Tréimhse ar an mBord: Bealtaine 2022 go hAibreán 2024*

### Laura Ní Chathasaigh, Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

Múinteoir i nGaelscoil Bhaile Brigín.

*Tréimhse ar an mBord: Samhain 2018 go hAibreán 2024*

### Cathnia Ó Muircheartaigh, Ionadaí Earnáil na nIar-bhunscoileanna

Príomhoide Choláiste Pobail Osraí i gCathair Chill Chainnigh ó 2006, ball de bhord bainistíochta Ghaelscoil Osraí, Uachtarán reatha ar Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD), ball de Chomhairle COGG.

*Tréimhse ar an mBord: Samhain 2005 go hAibreán 2024*

### Toirdealbhach Ó Lionáird, Ionadaí Earnáil na nIar-bhunscoileanna

Príomhoide Choláiste Ghobnatan i mBaile Mhic Íre, Co. Chorcaí. Céimí den M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál. Tá Dioplóma Iarchéime i bPleanáil Scoile agus Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht Scoile aige. Tá dochtúireacht idir lámha aige atá ag fiosrú: Tionchar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (POG feasta) ar eispéireas, féiniúlacht agus ról an phríomhoide iar-bhunscoile Gaeltachta: cás staidéar ar cheithre iar-bhunscoil Ghaeltachta. "Príomhoideachas" is ea ainm an phodchraolta atá aige ina bpléitear ceannaireacht scoile.

*Tréimhse ar an mBord: Bealtaine 2022 go hAibreán 2024*

### Diarmaid Ua Bruadair, Comhthofa

Is de bhunadh Ghaeltacht Uirbeach Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste é Diarmaid agus d'fhreastail sé féin ar Bhunscoil Phobal Feirste i mblianta tosaigh na scoile. Chaith sé ceithre bliana dhéag i gColáiste Feirste agus bhí sé ar fhoireann ceannaireachta na scoile sular ceapadh mar phríomhoide i nGaelcholáiste Dhoire é in 2015 nuair a bunaíodh an scoil sin i nDún Geimhin.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2023 go hAibreán 2024*

### Máire Mhic Mhathúna, Comhthofa

Is taighdeoir í Máire Mhic Mhathúna sa luath-oideachas agus sealbhú teanga agus chaith sí tamall ag obair mar cheann roinne in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, mar léachtóir le hoideachas na luath-óige agus roimhe sin mar bhunmhúinteoir agus mar oideoir naíonra. Is ball í de choistí oideachais éagsúla agus tá spéis faoi leith aici in bhforbairt ghairmiúil oideoirí luathbhlianta.

*Tréimhse ar an mBord: Aibreán 2023 go hAibreán 2024*

## Íocaíochtaí le baill an bhoird

Níor íocadh aon duine a bhí ag feidhmiú mar bhall boird as obair a dhéanamh ar son na heagraíochta le linn 2024.



*Baill bhoird agus foirne ag Comhdháil na Luathbhlianta 2024*

## Freastal ar na cruinnithe Boird 2024

| Ainm | 20.01.24 MIE | 19/03/24 MS Teams | 18/05/24 MIE | 18/06/24 MS Teams | 07/09/24 MIE | 15/10/24 MS Teams | 17/12/24 MS Teams |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mícheál S Mac Donnacha | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cormac Ó Tuairisg | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Laura Ní Chathasaigh | ✓ | x | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh |
| Marc de Grás | ✓ | ✓ | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh |
| Cathnia Ó Muircheartaigh | x | ✓ | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh |
| Ciara Ní Chonchúir | x | x | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh |
| Diarmaid Ua Bruadair | x | ✓ | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh |
| Antóin Delap | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Crios Hickson | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Róise Nic Corraidh | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | ✓ |
| Máire Mhic Mhathúna | ✓ | x | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh |
| Deborah Ní Cheallaigh | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tomás de Buitléir | x | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ |
| Mairéad Ní Chatháin Uí Chonchúir | x | ✓ | x | x | x | ✓ | ✓ |
| Orla Ní Fhinneadha | x | ✓ | ✓ | x | x | x | x |
| Bernard Ó Cathmhaoil | N/bh | N/bh | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ |
| Aoife Ní Scolaí | N/bh | N/bh | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| Déaglán Ó Laoire | N/bh | N/bh | ✓ | x | ✓ | x | ✓ |
| Neasa Ní Mhurchadha | N/bh | N/bh | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Patricia Uí Tharlaigh | N/bh | N/bh | N/bh | x | ✓ | x | x |
| Mary Ann Uí Dhuibhghiolla | N/bh | N/bh | N/bh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

### Feidhmeannas Gaeloideachas in 2024

Bláthnaid ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach

Nóra Ní Loingsigh, Leas-Ardfheidhmeannach

Sandra Uí Chléirigh, Feidhmeannach Airgeadais

Ciara Ní Bhroin, Oifigeach Forbartha

Bláithín Nic a-tSíthigh, Oifigeach Forbartha

Peigí Ní Chonghaile, Oifigeach Forbartha Gaeltachta

Tonaí Ó Roduibh, Oifigeach Forbartha Gaeltachta

Clodagh Ní Mhuirí, Bainisteoir Tionscadail

Caroline Ní Chualáin, Bainisteoir Tionscadail

Katie Ní Riain, Bainisteoir Luathbhlianta

Clare Spáinneach, Bainisteoir Seirbhísí

Rachel Walker, Feidhmeannach Cumarsáide agus Riaracháin

### Baill Gaeloideachas

Is iad naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht agus lasmuigh di a chuireann oideachas lán-Ghaeilge ar fáil ar féidir leo ballraíocht a ghlacadh le Gaeloideachas. Costas €20 in aghaidh an naíonra agus €100 in aghaidh na scoile in aghaidh na bliana atá air agus ritheann an tréimhse bhallraíochta ón 1 Meán Fómhair go 31 Lúnasa gach uile bhliain. Cuirtear lascaine ar fáil do scoileanna oileáin, scoileanna beaga agus scoileanna lonnaithe sna 6 chontae.

Tá idirdhealú sna seirbhísí a chuireann Gaeloideachas ar fáil do bhaill agus do scoileanna nach baill iad. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil do bhaill amháin:

1. Scéimeanna na heagraíochta
2. Cóipeanna crua d’fhoilseacháin na heagraíochta
3. Táille laghdaithe do bhaill le freastal ar ócáidí, seimineáir agus comhdhálacha na heagraíochta

Ghlac 153 scoil ballraíocht linn don scoilbhliain 2023-2024, méadú ar an 118 a bhí ann do 2022-2023. Is é 237 naíonra agus scoil a bhfuil ballraíocht reatha acu go dáta don scoilbhliain 2024-2025.

## Ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Tá na ráitis airgeadais ar fáil ar https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2025/10/Raiteas-Airgeadais-Gaeloideachas-2024.pdf.